



national consumer agency

An Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí

Tuarascáil Bhliantúil 2007

Clár Ábhar

- Réamhrá
- Comhaltaí an Bhoird agus Feidhmeannaigh Shinsearacha
- Ráiteas ón gCathaoirleach
- Tuairisc ón Príomhfheidhmeannach
- Réimsí Oibre
 - Piléar 1 – Forfheidhmiú
 - Piléar 2 – Abhcóideacht agus Taighde
 - Piléar 3 – Eolas agus Feasacht
- Rialachas Corparáideach
- Ráitis Airgeadais
- Aguisíní

Achoimre ar Ghearáin agus ar Cheisteanna

II. Fógraí maidir le hÍocaíochtaí Seasta

III. Ionchúisimh

IV. Fógraí / Aisghairmeacha Sábháilteachta Táirgí

V. Fiosrúcháin Déanta

VI. Reachtaíocht Tomhaltóirí a chuireann an Ghníomhaireacht


Náisiúnta Tomhaltóirí (GNT) i bhfeidhm

Réamhrá


Bunaíodh an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí le héifeacht ón 1 Bealtaine 2007. Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach gníomhaíochtaí agus ráitis airgeadais na Gníomhaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2007.

Is cúis áthais don Bhord é an chéad tuarascáil seo agus na cuntais a chur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de réir Alt 23 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.

Ghlac an Gníomhaireacht chuici féin na feidhmeanna a bhíodh ag Oifig an Stiúrhóra Gnóthaí Tomhaltóirí (OSGT) agus tá gníomhaíochtaí oibríochtúla na hOifige sin idir Eanáir agus Aibreán 2007 san áireamh sa tuarascáil seo freisin.



Stephen Costello
Cathaoirleach



Ann Fitzgerald
Príomhfheidhmeannach

Comhaltaí an Bhoird agus Feidhmeannaigh Shinsearacha

Comhaltaí an Bhoird

Stephen Costello – Cathaoirleach

Ann Fitzgerald – Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

Inez Bailey

Marie Barry Ring

Eddie Hobbs

Celia Larkin

Deirdre McDonnell

Neilus Moriarty

Robin O’Sullivan

Bill Prasifka

Edward Shinnick

Alex Schuster

Feidhmeannaigh Shinsearacha

Ann Fitzgerald – An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

Sean Murphy – Comhairleoir Dlí

John Shine – Stiúrthóir na gCleachtas Tráchtála

Maria Hurley – Stiúrthóir Taighde, Abhcóideachta agus Cumarsáide

Sean O’Sullivan – Ceann na Seirbhísí Corparáideacha

Thomas Bourke – Rúnaí an Bhoird agus Leas-Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha

Catherine Lenihan – Leas-Stiúrthóir na gCleachtas Tráchtála

Catherine Courage – Leas-Stiúrthóir Taighde, Abhcóideachta agus Cumarsáide

Fergal O’Leary – Oifigeach Sinsearach Taighde

Ráiteas ón gCathaoirleach

Ba fhreagra é cinneadh an Rialtais an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí a bhunú ar mholadh an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí ‘gur chóir gníomhaireacht a bhunú a mbeadh sainordú láidir agus leathnaithe aici i leith leas tomhaltóirí a chosaint agus ionadaíocht a dhéanamh ar son an leasa sin’. Chun tús a chur leis an bpróiseas sin, bhunaigh an tAire an Gníomhaireacht ar bhonn eatramhach i mí an Mheithimh 2005. Ceapadh Bord agus Príomhfheidhmeannach eatramhach chun bonneagar na heagraíochta nua a chur ar bun agus aistriú gan uaim a chinntiú ón OSGT go dtí an Gníomhaireacht nua. Léirigh an Bille a bhunaigh an Gníomhaireacht, i bhfocail an Aire, “..... an chéad chéim loighciúil eile i dtreo an beartas náisiúnta i leith tomhaltóirí a athdhíriú de thoradh na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla ar fad a theastaíonn uaithi a thabhairt don Gníomhaireacht le go mbeidh sí in ann obair éifeachtach a dhéanamh thar ceann tomhaltóirí.”

Sonraíonn an tuarascáil seo, an chéad Tuarascáil Bhliantúil ón nGníomhaireacht, an obair a rinneadh ón 1 Bealtaine 2007, tráth ar bunaíodh an Gníomhaireacht go foirmiúil faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 go dtí deireadh 2007. Tá gníomhaíochta oibríochtúla Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí ón 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán 2007 san áireamh sa tuarascáil seo freisin.

Tá sainchúram GNT – lena n-áirítear forfheidhmiú, abhcóideacht, taighde, eolas, oideachas agus feasacht – struchtúrtha sa chaoi is go n-oibríonn gach gné dár ngnó chun na torthaí is fearr a bhaint amach do thomhaltóirí. Mar shampla, má iarrann tomhaltóir comhairle, tharlódh go ndéanfaimis gníomhartha forfheidhmiúcháin sa chás go mbrisfí dlí tomhaltóirí. Tugann siad léargas ríluachmhar freisin dúinn ar na saincheisteanna is cáis le tomhaltóirí. Cuireann siad ar ár gcumas teacht chun cinn treochtaí áirithe a aithint, treochtaí a d’fhéadfadh feidhmiú ar aimhleas tomhaltóirí mura gcuirfí ina gceart iad. Cuireann siad freisin lenár ngníomhaíochtaí abhcóideachta agus taighde. Ciallaíonn an comhtháthú feidhmeanna seo, laistigh den aon eagraíocht amháin, go mbainimid an úsáid is éifeachtaí as ár gcuid acmhainní.

Tá 80 comhalta foirne údaraithe don Gníomhaireacht agus d’earcaíomar an fhoireann bainistíochta sinsearaí le déanaí. Tá an chuid eile den fhoireann atá again faoi láthair ar iasacht, go príomha ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus tá a bhformhór le filleadh roimh dheireadh na tréimhse iasachta i mí Aibreáin 2009 (tá 58 ar an bhfoireann againn faoi láthair, i gcomparáid le 62 a bhí san OSGT). Dá réir sin, bhí ullmhúcháin ar bun le foireann bhuan a cheapadh don Gníomhaireacht agus leis an trasdul foirne le linn chuid dheireanach 2008 agus chuid luath 2009 a bhainistiú. D’fhágfadh sé sin go mbeimis réidh lenár sainordú a chomhlíonadh, leis an líon iomlán foirne, ó lár 2009 ar aghaidh.


Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Bhord agus d’fhoireann na Gníomhaireachta as ucht a gcuid tacaíochta, a gcuid iarrachtaí agus a dtiomantais le linn na bliana.

I bhfianaise an phacáiste beart a d'fhógair an Rialtas le déanaí (Iúil 2008) mar fhreagra ar an timpeallacht bhuiséadach atá ann faoi láthair, tá an obair maidir le foireann a earcú stoptha go dtí go mbeidh soiléiriú ar fáil.

Tráth a bhfuil éiginnteacht eacnamaíochta ann, is mó fós an gá go mbeadh tomhaltóirí ar an eolas faoina gcearta, muiníneach go mbeidh siad in ann bealach ar bith nach bhfuiltear ag tabhairt chothrom na Féinne do thomhaltóirí a aithint agus a fhios acu go bhfuil Gníomhaireacht láidir acu a chosnóidh a leas, agus a leas-san amháin.

Cé go bhfuilimid i mbun mórthrasdul eagraíochtúil, creidim gur baineadh amach go leor le linn chéad bhliain na Gníomhaireachta i raon leathan réimsí . Táimid ag tógáil ar an obair sin lena chinntiú go mbeidh tionchar mór ag an nGníomhaireacht ó thaobh athruithe dearfacha a thionscnamh; go gcuirfidh an Gníomhaireacht reachtaíocht tomhaltóirí i bhfeidhm go héifeachtach; agus go bhforbrófar cultúr láidir tomhaltóirí in Éirinn.

Ní mór dúinn, mar sin féin, a bheith réalaióch. Ní féidir an cultúr láidir tomhaltóirí atá i dtíortha an-fhorbartha eile a fhorbairt ar an bpointe boise. Ach is féidir linn dul chun cinn seasta a dhéanamh bliain i ndiaidh bliana, agus sin a dhéanfaimid. Is é an aidhm atá againn cultúr tomhaltais cumhachtaithe a chruthú a chuireann cumas iomaíochta chun cinn go tréan de thoradh praghsáil réalaióch agus thrédhearcach, caighdeán cuí, seirbhís den scoth, agus cur chuige dearfach i leith gearáin a láimhseáil agus sásaimh i gcás fadhbanna, a éileamh agus a fháil.



Stephen Costello

**Cathaoirleach
An Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí**

Tuairisc ón Príomhfheidhmeannach

Réamhrá

Ba bhliain mhór athruithe í an ceann seo a chuaigh thart ó thaobh cosaint tomhaltóirí de. Is é an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2007, an reachtaíocht tomhaltais is suntasaí agus is cuimsithí le breis is 30 bliain.

Nuashonraíodh agus nuachóiríodh dlíthe tomhaltóirí san Acht, tugadh cosaint i bhfad ní b'fhearr do thomhaltóirí, soláthraíodh roghanna breise cumhachtacha forfheidhmiúcháin, agus foráladh freisin do phionóis mhóra a ghearradh ar ghnóthaí a chiontaítear.

Chomh maith leis sin, chuir an tAcht bunús reachtúil faoin nGníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí agus thug raon suntasach cumhachtaí breise di le reachtaíocht tomhaltóirí a fhorfheidhmiú, le habhcóideacht a dhéanamh thar ceann tomhaltóirí i raon réimsí, taighde a dhéanamh agus gníomhaíochtaí eolais agus feasachta a réachtáil – iad ar fad deartha chun tomhaltóirí agus leas na dtomhaltóirí a thabhairt chun cinn.

Bhí GNT ag obair ar bhonn eatramhach ó 2005 i leith agus ag obair go dlúth le hOifig an Stiúirthóra Gnóthaí Tomhaltóirí (OSGT). Chinntigh sé sin trasdul gan uaim nuair a ionchorpraíodh OSGT isteach sa Gníomhaireacht, le héifeacht ón 1 Bealtaine 2007.

Reachtaíocht Cosanta Tomhaltóirí

Tháinig athrú suntasach in 2007 ar ár gcur chuige i leith reachtaíocht cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú de thoradh na gcumhachtaí agus na n-uirlisí forfheidhmiúcháin breise atá ar fáil faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007. Tá ár gcuid iarrachtaí forfheidhmiúcháin dírithe ar na réimsí sin ina bhfuil an baol is mó go ndéanfar éagóir ar an tomhaltóir, ach gan neamhaird a dhéanamh ar réimsí eile a bhfuil tionchar acu ar leas na dtomhaltóirí.

Ba é an nós a bhí ag an OSGT go leor acmhainní a chaitheamh ar fhorfheidhmiú maidir le sáruithe i dtaca le taispeáint praghsanna agus praghsáil mhíthreorach. Is an-tromchúiseach linn fós sáruithe den sórt sin. Pléimid le gearáin anois, áfach, ar bhonn priacail, ag úsáid nósanna imeachta scríofa agus cuairteanna a leanann sin. Tugaimid freisin roinnt cuairteanna réamhghníomhacha ar thrádálaithe le linn na bliana chun comhlíonadh a mheasúnú agus aon ghníomh forfheidhmiúcháin a theastódh a dhéanamh. Cuireann an cur chuige priacal-bhunaithe seo ar ár gcumas an leas is mó a bhaint as ár gcuid acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí iomadúla ina ndéantar mór-aimhleas tomhaltóirí, mar shampla, an gá le téarmaí conartha córa i gcás conarthaí tomhaltóirí nó an fhadhb a bhaineann le clogáil carranna.

Bímid ag súil leis go gcloífidh gnónna go hiomlán le dlí na dtomhaltóirí agus go dtabharfaidh siad cothrom na Féinne do thomhaltóirí, mar ba mhian leo féin go gcaithfí leo ina saol pearsanta mar thomhaltóir. Níl aon drogall orainn cur chuige dian i leith forfheidhmiúcháin a úsáid nuair is gá agus táimid in ann anois an raon leathan uirlisí forfheidhmiúcháin atá san Acht um Chosaint Tomhaltóirí a úsáid chomh maith le hionchúisimh a lorg trí na Cúirteanna.

Áirítear ar na huirlisí sin an chumhacht le fógraí maidir le híocaíochtaí seasta a chur i bhfeidhm (fineálacha ar an toirt) i gcás sáruithe ar reachtaíocht taispeána praghsanna. Is féidir leis an nGníomhaireacht freisin gealltanais ó thrádálaithe a lorg, fógraí um chomhlíonadh a eisiúint agus orduithe toirmisc a lorg ó na Cúirteanna. Is féidir le GNT gnónna a ‘ainmniú agus a náiriú’ ach liosta cosanta tomhaltóirí a fhoilsiú. Táimid ag úsáid na n-uirlisí breise sin cheana féin agus tá coinne agam go mbeidh siad ina gcabhair mhór amach anseo agus muid ag dul ar thóir gnónna a sháraíonn dlí na dtomhaltóirí.

Mar Ghníomhaireacht, tá dualgas orainn plé le gnónna lena chinntiú go dtuigeann siad go hiomlán na ceanglais atá orthu i dtaca le cosaint tomhaltóirí. Táimid ag iarraidh dea-chleachtas a chur chun cinn lena chinntiú go dtabharfar cothrom na Féinne do thomhaltóirí. Táimid sásta oibriú le comhlachtaí ionadaíochta agus le miondíoltóirí go díreach lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas go hiomlán maidir lena gcuid dualgais dlí. Tá ár rochtain thapa ar mhiondíoltóirí móra aonair neartaithe go mór againn agus tá socrú idirchaidrimh againn le 34 miondíoltóir. Bainimid úsáid as an socrú rochtana seo chun saincheistanna a bhaineann le comhlíonadh a chur ar a súile don bhainistíocht shinsearach sna gnónna sin go tapa. Chomh maith leis sin, ligeann sé dúinn an tseirbhís, praghsáil agus saincheistanna eile a thagann chun ár n-aire a phlé leis na cuideachtaí i gceist, agus tá sé sin ag éirí níos coitianta. . Ar an gcaoi sin, is féidir linn cleachtas nó fadhbanna, a d’imir tionchar ar thomhaltóirí a chuaigh i dteagmháil linn, a réiteach, rudaí a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar thomhaltóirí eile gan idirghabháil ó GNT. Is deis é an socrú rochtana seo freisin do mhiondíoltóirí le comhairle a lorg ó fhoireann na Gníomhaireachta maidir le gnéithe de dhlí na dtomhaltóirí.

Abhcóideacht agus Taighde

Táimid ag tógáil ár bhfeidhmeanna abhcóideachta agus taighde ó bhun mar nach raibh an OSGT ag plé leo sin ar chor ar bith. Cuireadh tús leis an obair ar thrí mhórhionscadal le linn 2007, ceann amháin acu ag plé leis an gcostas ar thomhaltóirí a bhaineann le hearraí a cheannach, go háirithe earraí grósaeireachta, agus an péire eile ag plé le húnéireacht tithe.

Tá béim ar leith curtha ag an nGníomhaireacht ar shuirbhéanna comparáid praghsanna in Earnáil na Grósaeireachta, i bhfianaise thábhacht na hearnála sin do thomhaltóirí. Is i gcomthéacs praghas bia ar fud an domhain a bheith ag ardú agus thionchar phraghas na n-earraí grósaeireachta orthu siúd atá ar ioncam íseal atá sé sin á dhéanamh.

Foilsíodh suirbhé píolótach de chuid na Gníomhaireachta ar phraghsanna earraí grósaeireachta brandáilte i lár 2007 agus, ag leanúint uaidh sin, rinneadh suirbhé mór i mí na Nollag 2007 ar phraghsanna earraí grósaeireachta i ngach catagóir grósaeireachta agus saghas miondíoltóra, suirbhé a foilsíodh i mí Feabhra 2008. Tá sé léirithe ag na suirbhéanna sin, ar leanadh leo in 2008, go bhfuil easpa fioriomáiochta i measc miondíoltóirí grósaeireachta in Éirinn agus is é an toradh a bhí ar na suirbhéanna, de réir an taighde margaidh atá déanta againn, go bhfuil athrú suntasach tagtha ar nósanna siopadóireachta thomhaltóirí na hÉireann. Ós rud é go gcaitheann teaghlach in Éirinn €151 sa tseachtain ar meán ar earraí grósaeireachta agus go gcaitheann teaghlach ar ioncam íseal céatadán níos airde dá ioncam iomlán ar bhia, beidh ról mór fós againn sa réimse seo sna blianta atá amach romhainn.

Is é ceannach tí an ceangaltas airgid is mó a bheidh ar an gcuid is mó againn inár saol. Tá sé ríthábhachtach go mbeimisne, na tomhaltóirí, ar an eolas faoinár gcearta agus go gcosnófaí na cearta sin. I mí an Mhárta 2007, mar fhreagra ar an inní leanúnach a bhí tomhaltóirí a léiriú faoina bheith ag ceannach agus ina gcónaí i réadmhaoin forbartha ilaonad, d'eagraigh an Gníomhaireacht fóram deonach a thug le chéile ionadaithe thar ceann gach príomhghrúpa leasa a bhfuil baint acu leis na Forbairtí Ilaonad, agus is í an Gníomhaireacht féin a bhí mar chathaoirleach ar an bhFóram. Chríochnaigh an Fóram a chuid oibre i lár 2008 agus tá na torthaí ar fáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta. Áirítear ar na príomhthorthaí a tháinig as an bhFóram:

- Treoir Eolais do Thomhaltóirí
- Cód Cleachtais do chomhaltaí Chumann Tógálaithe Tithe na hÉireann.
- Doiciméadú roghnaithe le cabhrú le tomhaltóirí a bhfuil réadmhaoin acu i bhForbairt Ilaonad nó atá ina gcónaí i bhForbairt Ilaonad.
- Micrealáithreán tiomnaithe don treoir eolais agus d'ábhar eile a bhaineann le réadmhaoin.

Choimisiúnaíomar Grant Thornton in 2007 le luacháil domhain a dhéanamh ar a mhéad a chosnaítear cearta tomhaltóirí agus iad ag ceannach tí nó árasáin nó ag déanamh mór-athchóiriú sa bhaile. Foilseofar an staidéar domhain sin go luath.

D'fhonn léargas níos fearr a fháil ar eispéireas an tomhaltóra in Éirinn, choimisiúnaigh an Gníomhaireacht Amárach Consulting in 2007 le taighde margaidh neamhspleách a dhéanamh. Is é an cuspóir a bhí leis an suirbhé dearcadh agus iompraíocht na dtomhaltóirí maidir le gearáin, sásamh, aistriú agus ríomhthráchtáil a fháil. Chomh maith leis sin, rinne an suirbhé measúnú ar eolas na dtomhaltóirí ar a gcearta agus ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Eisíodh tuarascáil achomair inar leagadh amach torthaí an tsuirbhé a rinneadh le linn 2007; eisíodh an tuarascáil sin ar Lá Domhanda na dTomhaltóirí i mí an Mhárta 2008 agus is féidir í a léamh ag:

http://www.consumerconnect.ie/eng/Hot_Topics/Campaigns/2007_Consumer_Market_Research.doc)

Is é an taighde sin an chéad cheann de shraith tuarascálacha ar an timpeallacht tomhaltais in Éirinn atá sé i gceist againn a fhoilsiú. Le himeacht aimsire, cuirfidh na tuarascálacha sin ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar éabhlóid na timpeallachta tomhaltais in Éirinn agus na hidirghabhálacha beartais a theastóidh amach anseo le tacaíocht a thabhairt do tomhaltóirí a shainaitheint.

Le linn na mblianta atá ag teacht, tá sé i gceist againn ár gcuid oibre taighde agus abhcóideachta a fhorbairt. Go sonrach, tá sé i gceist againn díriú ar earnálacha ar leith agus measúnú a dhéanamh, agus muid ag úsáid an eolais ar fad atá ar fáil, a mhéad a imríonn earnáil ar leith tionchar ar thomhaltóirí, aon rud diúltach a chuireann isteach ar thomhaltóirí san earnáil sin, treochtaí atá ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thomhaltóirí, agus réitigh ar fhadhbanna tomhaltóirí maidir leis an earnáil sin. Agus é sin á dhéanamh, oibreoidh gach gné de shainchúram na Gníomhaireachta le chéile chun an toradh is fearr a chinntiú do thomhaltóirí.

Eolas agus Feasacht

Is den riachtanas é go gcuirfí eolas ar fáil do thomhaltóirí agus go mbeidís ar an eolas faoina gcearta le go gcruthófaí cultúr láidir tomhaltais in Éirinn. Tá an t-uafás oibre déanta againn ar ár láithreán gréasáin, www.consumerconnect.ie, a chuireann an-saibhreas eolais ar fáil do thomhaltóirí. Cuirtear leis an láithreán uair sa tseachtain ar a laghad agus tá breis is 120,000 cuairt tugtha air ó mhí Bealtaine 2007 i leith. Le himeacht aimsire úsáidfimid an láithreán gréasáin seo mar acmhainn oideachais freisin agus cruthóimid naisc le hoideachasóirí. Go deimhin tá roinnt quizeanna ar chearta tomhaltóirí ar an láithreán gréasáin cheana féin, rud a bhfuil an-úsáid bainte as ag múinteoirí gnó agus ag a gcuid mic léinn. Agus muid ag leathnú ár bhfor-rochtana chuig earnálacha ar leith agus ag foilsiú ábhair eolais do thomhaltóirí bunaithe ar thaighde na Gníomhaireachta, is mó fós an tábhacht a bheidh leis an láithreán gréasáin.

Is gné lárnach dár gcuid oibre é comhairle a chur ar fáil do thomhaltóirí. Fuair ár Lárionad Glaonna (Íosghlao 1890 432 432) beagnach 70,000 iarratas in 2007, le hais beagán le cois 37,000 a fuair an OSGT in 2006. Bhí impleachtaí ó thaobh dlí na dtomhaltóirí a fhorfheidhmiú ag beagnach 5% de na glaonna sin, agus rinne an Gníomhaireacht beart maidir leo.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsíomar 8 leabhrán do thomhaltóirí in 2007 agus tá siad sin ar fad ar fáil mar chóip chrua agus ar an láithreán gréasáin.

An Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí


Le linn 2007, lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag comhsholáthar cistí don Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (LET), i dteannta leis an gCoimisiún Eorpach. Soláthraíonn an LET eolas agus cúnamh do thomhaltóirí Éireannacha a mbíonn deacrachtaí acu thar lear agus do thomhaltóirí óna mBallstáit eile an AE a mbíonn deacrachtaí acu le miondíoltóirí in Éirinn.

Conclúid

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2007 agus tá sé ar chumas na Gníomhaireachta a sainordú a chomhlíonadh agus an leas is mó a bhaint as an gcumas a thagann as an Acht um Chosaint Tomhaltóirí nuair a gheobhaimid an líon iomlán foirne in 2009.

Ba mhaith liom ómós ar leith a thabhairt don Chathaoirleach agus do Bhord na Gníomhaireachta as ucht na tacaíochta agus na comhairle ag thug siad gan staonadh ar feadh na bliana. Tá buíochas ag dul freisin d'fhoireann na Gníomhaireachta a bhí an-solúbtha le linn na bliana agus muid ag athstruchtúrú agus ag athdhíriú ár ngníomhaíochtaí. Tá ról ríthábhachtach le himirt ag ár bhfoireann le cur ar ár gcumas na cuspóirí dúshlánacha atá leagtha síos ag an reachtaíocht a bhaint amach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Micheál Martin agus le foireann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as a dtacaíocht le linn na bliana.



Ann Fitzgerald

**Príomhfheidhmeannach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí**

Piléar 1 – Forfheidhmiú

Treoir an AE maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha

Tugann an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí (ACT) 2007 éifeacht do Threoir an AE maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha, a chuireann feabhas ar leibhéal an chomhchuibhrithe i gcosaint tomhaltóirí ar fud an AE. Tá cosaint reachtúil nua ann do thomhaltóirí anois a chiallaíonn go bhfuil raon leathan cleachtais tráchtála éagóracha, mhíthreoracha agus ionsaitheacha mídhleathach.

Tá rialacháin ghinearálta i bhfeidhm a chuireann cosc ar chleachtais tráchtála éagóracha. Cuireadh na rialacháin seo i bhfeidhm chun déileáil le deacrachtaí a bhíonn ag tomhaltóirí nuair a theipeann ar mhiondíoltóir rud a dhéanamh de mheon macánta nó nuair a theipeann air/uirthi caighdeáin réasúnta scileanna agus chúraim ghinearálta a chomhlíonadh. Féadtar úsáid a bhaint as an bhforáil seo freisin chun dul i ngleic le cleachtais tráchtála nua nach gcuirtear san áireamh i bhforálacha sonracha a leagtar amach i reachtaíocht tomhaltóirí nó chun dul i ngleic le cleachtais a dhéanann miondíoltóirí gan ucht gan anam a leagan amach le rún daingean, chun an reachtaíocht seo a sheachaint.

Cuirtear cosc ar chleachtais tráchtála mhíthreoracha, nuair a thugtar eolas bréagach nó míthreorach do thomhaltóirí nó nuair a chuirtear tomhaltóirí amú de bharr eolas ábharach a fhágáil ar lár.

Cuireann an reachtaíocht cosc ar chleachtais tráchtála ionsaitheacha chomh maith. Úsáidtear an téarma seo chun cur síos a thabhairt ar chiapadh, ar chomhéigean nó ar thionchar míchuí ar thomhaltóirí, lena n-áirítear bearta díolacháin ionsaitheacha agus na cleachtais a úsáidtear chun leas a bhaint as tomhaltóirí leochaileacha.

Tá liosta fada ar fáil freisin de na cleachtais ar fad a gcuirtear cosc orthu i ngach cás, lena n-áirítear feachtais duaise mura mbíonn duais ar fáil nó nuair a bhíonn ar thomhaltóirí íocaíocht a dhéanamh roimh an duais a bhailiú; glaonna gan choinne leanúnacha gan iarraidh; éilimh bhréagacha go bhfuil miondíoltóir ag aistriú go háitreabh nua nó ag tarraingt siar óna g(h)nó; éilimh bhréagacha go bhfuil táirge in ann galair a leigheas, agus araile.

Comhoibriú Trasteorann

Tháinig an Rialachán AE um Chomhoibriú Cosanta Tomhaltóirí (CCT) in éifeacht an 29 Nollaig 2006. Forálann an reachtaíocht seo do chomhroinnt eolais agus do chomhoibriú forfheidhmiúcháin trasteorann idir Bhallstáit an AE. Tugtar cumhacht freisin do na húdaráis fhorfheidhmiúcháin brú a chur ar a gcontraphárteanna ar fud an AE reachtaíocht a chur i bhfeidhm. Tugann sé cead do GNT cúnaimh a lorg agus a fháil ó na húdaráis fhorfheidhmiúcháin i mBallstáit AE eile maidir le sárúithe trasteorann in earnálacha éagsúla a leagtar amach i 14 Threoir AE, lena n-áirítear fógraíocht mhíthreorach, saoirí láneagraithe, uainsciar agus ciandíolachán. Ar an gcuma chéanna, cuirtear ina oibleagáid ar GNT é cúnaimh a thabhairt do na húdaráis fhorfheidhmiúcháin i dtíortha AE eile nuair a tharlaíonn sárúithe dá leithéid in Éirinn.

Beidh na cumhachtaí céanna ag údaráis fhorfheidhmiúcháin eile in Éirinn maidir lena n-earnálacha féin, lena n-áirítear an Rialaitheoir Airgeadais, an tOmbudsman Airgeadais agus Coimisiún Craolacháin na hÉireann.

Beartas Forfheidhmiúcháin

Is é beartas ginearálta GNT ó thaobh reachtaíocht tomhaltóirí a fhorfheidhmiú ná comhlíonadh deonach a chothú nuair is féidir agus, mura dtarlaíonn sin, bearta cuí a dhéanamh lena chinntiú go gcosnaítear cearta tomhaltóirí. I gcaitheamh na bliana, leGNT roinnt tionscnamh chun comhlíonadh deonach a chothú:

- Socruithe idirchaidrimh gníomhacha le miondíoltóirí móra, ilstórtha, grúpaí siombaile agus araile
- Obair a dhéanamh le comhlachtaí ionadaíochta chun feabhas a chur ar chomhlíonadh
- Feasacht i measc tomhaltóirí a mhéadú trí na meáin agus eolas a sholáthar ar láithreáin ghréasáin GNT - www.consumerconnect.ie agus www.nca.ie
- I gcomthéacs na ngearán a fuarthas, litreacha a scríobh chuig trádálaithe chun an líomhain a chur in iúl dóibh, a gcuid dualgas a chur in iúl dóibh, agus deis a thabhairt dóibh bearta a chur ar bun chun aon fhadhb a sainaithníodh a réiteach.

I gcás nár cuireadh bearta deonacha i gcrích chun sástacht GNT, rinneadh gníomhartha cuí forfheidhmiúcháin, mar atá leagtha amach thíos, chun comhlíonadh a chinntiú.

Uirlisí Forfheidhmiúcháin

Fógraí maidir le hÍocaíochtaí Seasta (Fineálacha ar an Láthair)

Faoi Alt 85 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, tá sé de chumhacht ag GNT, de rogha ar ionchúiseamh a lorg, Fógraí maidir le hÍocaíochtaí Seasta a eisiúint do mhiondíoltóirí nach dtaispeánann praghas táirgí tomhaltais nó nach gcomhlíonann na ceanglais a bhaineann le hOrduithe Taispeána Praghsanna, mar shampla liostaí praghsanna deochanna agus lónadóireachta a thaispeáint. Tá pionós seasta €300 i bhfeidhm agus ní mór é sin a íoc tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis a eisiúna. Mura n-íocann an trádálaí an fhíneáil laistigh den teorainn ama reachtúil, is féidir le GNT imeachtaí ionchúisimh a thionscnamh. Ag brath ar líon na sáruithe aitheanta, is féidir níos mó ná Fógra amháin maidir le hÍocaíochtaí Seasta a eisiúint.

Éilíonn an tAcht go mbeadh an Fógra maidir le hÍocaíochtaí Seasta i bhfoirm atá forordaithe ag Rialacháin arna ndéanamh ag an Aire. Tháinig an Ionstraim Reachtúil (I.R.) cumasúcháin i bhfeidhm an 13 Deireadh Fómhair 2007. Chuir sé sin ar chumas GNT an uirlis nua forfheidhmiúcháin a úsáid. Eisíodh sé Fhógra maidir le hÍocaíochtaí Seasta le linn 2007 agus íocadh trí cinn acu. Íocadh péire eile acu go luath in 2008 agus d'éirigh le GNT an miondíoltóir eile a ionchúiseamh in 2008.

Fógraí um Chomhlíonadh

Cuireann Alt 75 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí ar chumas oifigigh údaraithe de chuid GNT Fógra um Chomhlíonadh a eisiúint do thrádálaí más amhlaidh gurb é tuairim an oifigigh go bhfuil an trádálaí i mbun gnímh nó cleachtais atá toirmisce the faoin Acht nó go bhfuil cleachtas nó gníomh den sórt sin déanta aige/aici nó gur sháraigh sé/sí cuid eile de reachtaíocht na dtomhaltóirí mar atá liostaithe i sceideal 5 den Acht. Éilíonn an Fógra um Chomhlíonadh ar an trádálaí deireadh a chur leis an gcleachtas. Bíonn 14 lá ag an trádálaí chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an Fhógra chuig an gCúirt Dúiche. Mura ndéantar aon achomharc, tagann an Fógra i bhfeidhm. Níor eisíodh aon Fhógra um Chomhlíonadh in 2007.

Gealltanais

Má bhíonn cúis ag GNT le ceapadh go bhfuil trádálaí i bun gnímh nó cleachtais atá toirmisce the, is féidir leis an nGníomhaireacht gealltanais a lorg agus a fháil go gcloífidh an trádálaí le ceanglais an Achta. Má dhéanann an trádálaí failli sa ghealltanais agus má théann sé/sí ar ais i mbun an ghnímh nó an chleachtais atá toirmisce the, is féidir le GNT iarratas ar Ordú Toirmisc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda. Fuair an Gníomhaireacht gealltanais amháin in 2007.

Orduithe Toirmisc

Faoi Alt 71 den Acht, is féidir le duine ar bith, lena n-áirítear GNT, iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda nó chuig an Ard-Chúirt ar ordú go dtoirmiscfí trádálaí ar ghníomh nó ar chleachtas toirmisce the a chur i gcrích nó a bheith ina bhun. Tar éis di na tosca agus na leasanna éagsúla a bhí i gceist a mheas, is féidir leis an gCúirt Ordú Toirmisc a dhéanamh. Agus í ag déanamh an Ordaithe, is féidir leis an gCúirt téarmaí agus coinníollacha a chur i bhfeidhm a mheasann sí a bheith cuí, lena n-áirítear éileamh ar an trádálaí ráitis cheartúcháin a fhoilsiú agus é/í féin ag íoc orthu. Is cion é gan Ordú Toirmisc a chomhlíonadh gan leithscéal réasúnta agus dlitear na pionóis atá leagtha síos san Acht a chur ar an trádálaí ach é/í a bheith ciontaithe. I gcás ciontú achomair is féidir fineáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht sé mhí nó an dá rud a fhorchur le aghaidh an chéad chiona. Is féidir fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht bhliana nó an dá rud a fhorchur le haghaidh cionta ina dhiaidh sin. Ní bhfuair GNT aon Ordú Toirmisc i gcaitheamh 2007.

Liosta Cosanta Tomhaltóirí

Faoi Alt 86 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, ní mór gach gníomh forfheidhmiúcháin a chuireann GNT i gcrích, lena n-áirítear fineálacha maidir le hÍocaíochtaí Seasta, a chur ar ‘Liosta Cosanta Tomhaltóirí’. Is féidir é sin a fhoilsiú ar cibé bealach a mheasann GNT a bheith cuí.

Tá sonraí de na huirlisí forfheidhmiúcháin éagsúla a d’úsáid an Gníomhaireacht in 2007 leagtha amach in Aguisíní II agus III.

Idirchaidreamh le Gnó / Comhlachtaí Ionadaíochta

Tá síneadh suntasach déanta ag GNT ar a cuid socrúithe idirchaidrimh le gnónna agus tá struchtúr idirchaidrimh aici anois le 34 trádálaí agus grúpa miondíola. Is i ngnó na grósaeireachta atá an chuid is mó acu sin ach tá trádálaithe atá ag oibriú in earnálacha na n-earraí leictreacha, na ríomhaireachta, an troscáin agus an ‘déan féin é (DFÉ)’ san áireamh freisin. Úsáidtear na socrúithe sin chun saincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh a thabhairt d’aire na bainistíochta sinearaí sna gnónna sin agus, níos mó agus níos mó, seirbhís, praghsáil agus saincheisteanna eile a thagann dár n-aire, go háirithe trínár líne chabhrach nó trínár láithreán gréasáin, a phlé leis na cuideachtaí atá i gceist.

I gcaitheamh 2007, bhuail an Gníomhaireacht le comhlachtaí ionadaíochta éagsúla atá ag oibriú in earnáil an mhiondíola agus in earnálacha eile, go príomha chun a cuid pleananna le feabhas a chur ar fheasacht agus ar chosaint tomhaltóirí a leagan amach. Leagadh amach ceanglais an Achta nua um Chosaint Tomhaltóirí agus thug an Ghíomhaireacht cur i láthair ar an Acht um imeachtaí éagsúla.

Seimineár le haghaidh na Earnála Miondíola

D’eagraigh GNT seimineár tionscnaimh le haghaidh na hearnála miondíola i mí Mheán Fómhair 2007 a thug aghaidh ar ghnéithe éagsúla den Acht um Chosaint Tomhaltóirí agus a leag amach cur chuige príocal-bhunaithe na Gníomhaireachta maidir le forfheidhmiú. Bhí ionadaithe ann thar ceann 45 leas miondíola éagsúil lena n-áirítear miondíoltóirí móra agus 14 comhlacht ionadaíochta, lena n-áirítear an Comhlachas Miondíoltóirí, Earraí Grósaeireachta agus Déiríochta agus a gComhthrádálaithe, Retail Ireland, Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann, Comhlachas na nGnólachtaí Beaga, Cumainn Fíoncheannaithe, Cumainn Óstán agus Bialann, mar aon le hionadaithe ó asraonta miondíola grósaeireachta, faisin, coisbhirt, DFÉ, troscáin agus fearas tí, clúdaithe urláir agus earraí leictreacha.

Forléargas le haghaidh gnó ar an Acht um Chosaint Tomhaltóirí

Ag an seimineár thuasluaite, sheol GNT forléargas ar an Acht le haghaidh gnónna. Tá sé sin ar fáil ar láithreán gréasáin gnó GNT, www.nca.ie, agus léiríonn sé príomhcheanglais an Achta, leagann amach sonraí de ról feabhsaithe GNT agus tugann samplaí de na cleachtais mhíthreoreacha agus mhíchothroma atá toirmiscthe faoin Acht.

Gníomhartha Forfheidhmiúcháin - Achoimre

Earnáil Mhiondíola

Le cur ar a cumas díriú ar réimsí inar mó an seans go ndéanfaí aimhleas an tomhaltóra, d’athraigh GNT an cur chuige i leith praghsanna a chur ar taispeánt a bhí ag a réamhtheachtaí, Oifig an Stiúrtóra Gnóthaí Tomhaltóirí (OSGT), go dtí monatóireacht phriacal-bhunaithe ar chomhlíonadh. Aithníonn an Gníomhaireacht an gá atá ann le praghsanna cruinne a chur ar taispeánt ionas go mbeidh tomhaltóirí in ann roghanna eolasacha a dhéanamh maidir leis an áit ar féidir leo an luach is fearr a fháil.

De rogha ar gach gearán ó thomhaltóir a leanúint le hiniúchadh ar an láthair, scríobhann an Gníomhaireacht litir chuig na trádálaithe, ag cur in iúl dóibh gur cuireadh sárú ina leith agus ag iarraidh orthu ceistneoir a líonadh ina gcuirtear ceisteanna éagsúla faoina nósanna imeachta lena chinntiú go gcuirtear praghsanna cruinne ar taispeánt. Bíonn an anailís ar na freagraí a fuarthas ina bonn eolais le haghaidh an chláir seiceála comhlíonta a chuirtear i gcrích ar áitreabh trádálaithe.

Idir mí Bealtaine agus mí na Nollag 2007, chuir GNT 323 litir amach de bhun gearán ag líomhain gur sáraíodh reachtaíocht na bpraghsanna. Fuarthas freagra ó 213 miondíoltóir. Cuireann an cur chuige nua an fhreagracht ar an miondíoltóir comhlíonadh deonach leis na ceanglais taispeána praghsanna a bhaint amach agus, ar an gcaoi sin, sábháiltear acmhainní na Gníomhaireachta mar nach mbíonn comhaltaí foirne ag dul amach go dtí an láthair i gcás gach gearáin. Ach má fhaigheann GNT, agus í i mbun seiceála comhlíonta ina dhiaidh sin, nár comhlíonadh na ceanglais go sásúil, cuirfear bearta forfheidhmiúcháin cuí i bhfeidhm.

Blitz priacal-bhunaithe

Reachtáladh feachtas forfheidhmiúcháin priacal-bhunaithe i gcaitheamh mhí na Samhna. Le linn na gníomhaíochta sin díriodh go príomha ar stórais a ndearnadh gearán ina gcoinne. Tugadh níos mó ná 550 cuairt. Glacadh gníomhartha forfheidhmiúcháin i gcoinne na dtrádálaithe neamh-chomhlíontacha (féach aguisín II). Tá tuilleadh blitzeanna priacal-bhunaithe pleanáilte le haghaidh 2008. Chomh maith le seiceáil go raibh na praghsanna ar taispeánt, rinne foireann na Gníomhaireachta seiceálacha freisin lena chinntiú gurb ionann an praghas ar taispeánt agus an praghas a ghearrtar ag an gcuntar amach.

Ionchúisimh de thoradh cionta maidir le Praghsáil agus Taispeánt Praghsanna i gcaitheamh 2007

As measc na 16 ionchúiseamh a rinneadh in 2007, bhain 12 acu le cionta taispeána praghsanna. Fuarthas ciontú i gcás 13 acu, agus cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm i gcás na dtrí cinn eile. Soláthraíonn aguisín III liosta de na hionchúisimh ar fad a ghlac GNT i gcaitheamh 2007.

Cleachtais Tráchtála i Miondíol Troscáin

Ag éirí as gearáin a fuarthas, rinne GNT scrúdú ar chleachtais áirithe san earnáil miondíola troscáin i gcaitheamh 2007. Sa suirbhé tosaigh rinneadh cleachtadh scóipeála chun measúnú a dhéanamh ar raon na gcleachtas a bhí i gceist, an tionchar a d'fhéadfaidís a imirt ar thomhaltóirí agus na bearta sin a shainaithint a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna éagsúla a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar thomhaltóirí. Chuimsigh an fiosrúchán 15 mór-asraon lena n-áirítear slabhraí cláraithe, trádálaithe neamhspleácha agus oibreoirí déantúsaíochta / miondíola, iad ar fad Éireannach. Áirítear ar na saincheisteanna a scrúdaíodh fógraíocht, saincheisteanna seachadta lena n-áirítear táillí, cur síos ar tháirge, ráthaíochtaí agus barántaí sínte, agus creidmheas tomhaltais.

Bhain na saincheisteanna ba shuntasáí dar sainaitníodh le -

- **Fógraíocht:** Daoine a ghríosadh le rudaí a cheannach faoi dheifir de thoradh é a bheith le tuiscint nach bhfuil ach stoic theoranta ar fáil nó nach mairfidh an tairiscint ar feadh i bhfad, m.sh. díolacháin aon lae. Ós rud é gur minic a shíntear na tairiscintí teoranta sin, tá inní ar GNT go bhféadfadh an cineál seo fógraíochta a bheith míthreorach.
- **Cur Síos ar Tháirgí:** Déantar cur síos ar throsacán atá déanta as ábhar sintéiseach mar “maitseáil leathair”, “leathar détheilgthe”, “leathar athchomhdhéanta”, “scoilt leathair” agus “leathar bréige”. Cé go bhfuil an cur síos cruinn ó thaobh fíricí de, measann GNT go bhféadfadh tomhaltóirí áirithe a cheapadh gur táirge fíorleathair atá siad a cheannach
- **Síntí / Leanúint le Praghsáil ‘Iarchur chun cinn’:** Sa chineál seo cur chun cinn, déanann trádálaí fógraíocht ar son rud éigin a bheith ar phraghas ísliithe ar feadh tréimhse theoranta, seachtain cuir i gcás, agus bheadh ardú suntasach le teacht ar an bpraghas ina dhiaidh sin. Ag deireadh thréimhse an chur chun cinn, cuirtear síneadh leis an tairiscint (m.sh. foireann troscáin a fhógraítear a bheith ar €500 ar feadh an chur chun cinn ach a bheith ar €2,000 ina dhiaidh: tá an tairiscint le maireachtáil ar feadh seachtaine ach leantar den chur chun cinn). Tá inní ar GNT faoin nós seo atá ag roinnt trádálaithe na tairiscintí seo a shíneadh thar an tréimhse a fógraíodh i dtosach, go minic ar feadh tréimhse éiginnte. D’fhéadfaí a mheas gur cleachtas míthreorach é seo mar gurb é an aidhm atá leis brú a chur ar thomhaltóirí rudaí a cheannach faoi dheifir chun méid suntasach airgid a shábháil le linn thréimhse an chur chun cinn.
- **Barántaí sínte:** ‘brúdhíol’ a úsáid le cur ina luí ar thomhaltóirí gur choir dóibh árachas le haghaidh suas le ceithre bliana a cheannach chun fadhbanna nó lochtanna a d’fhéadfadh a bheith ar an táirge a chlúdach. Bheadh cearta ag tomhaltóirí faoin Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 dá mbeadh locht ar na táirgí nó mura mbeidís ag obair mar ba cheart gan aon ghá le cosaint bhreise árachais a fháil.
- **Saincheisteanna a bhaineann le seachadadh agus praghsanna:** Bhain sciar mór de na gearáin a fuair GNT le saincheisteanna maidir le seachadadh, táillí ar sheachadadh agus moill ar sheachadadh earraí i gcás go mbeadh an íocaíocht déanta, fiú roinnt míonna roimhe sin.

Tá an Gníomhaireacht ag leanúint dá hidirchaidrimh leis an earnáil agus í ag féachaint le beart a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna éagsúla. Tá inní ar leith ar GNT maidir le cleachtas na fógraíochta iarchur chun cinn agus chuathas ar lorg comhairle dlí go luath in 2008 le fáil amach an bhféadfadh an cineál sin fógraíochta a bheith ag sárú an Achta um Chosaint Tomhaltóirí. Léiríonn monatóireacht leanúnach na Gníomhaireachta ar fhógraí nár úsáideadh an cineál sin fógraíochta san earnáil le roinnt míonna anuas.

Treoirínte Fógraíochta le haghaidh na Earnála Miondíola

Forálann an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí gur féidir le GNT treoirínte a dhéanamh do thrádálaithe maidir le cleachtais tráchtála. Cé nach bhfuil na treoirínte sin éigeantach, is féidir glacadh leo mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

Tá an Gníomhaireacht ag ullmhú dréacht-treoirínite d'earnáil an mhiondíola, lena n-áirítear dea-chleachtas maidir le saincheistanna fógraíochta éagsúla, lascaíní agus tairiscintí tosaigh chomh maith le saincheistanna a tháinig aníos i gcaitheamh an athbhreithnithe thuasluaite ar earnáil an troscáin. Cuimseoidh na treoirínite dearbháin bronntanais freisin agus tabharfaidh siad soiléiriú ar cheistanna ar nós:

- Céard is 'tréimhse réasúnta' ann (ag teacht in áit na seanrialach 28 lá) i gcás fógraíochta a dhéanamh ar son táirge a bhíodh á dhíol ar phraghas níos airde, agus
- Praghsáil mhiondíola mholta.

Reachtáladh comhairliúchán poiblí i mí na Samhna 2007 chun ceist na 'tréimhse réasúnta' a chíoradh. Beidh an t-aiseolas ón earnáil le sonrú sna treoirínite foilsithe. Sula bhfoilseofar na treoirínite tá sé i gceist ag GNT cuireadh a thabhairt don earnáil a gcuid tuairimí i leith na moltaí a nochtadh. Tá coinne le foilsiú na dtreoirínite i dtreo dheireadh 2008.

Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Tomhaltóirí

Éilíonn na Rialacháin AE maidir le Téarmaí Míchothroma i gConarthaí Tomhaltóirí, 1995, go mbeadh téarmaí agus coinníollacha conarthaí caighdeánacha soiléir agus nach mbeidís débhríoch ná ualaithe i gcoinne an tomhaltóra. Tá sé de chumhacht ag GNT fiosrúchán a dhéanamh agus gníomhartha cuí a ghlacadh má bíonn údar aici le ceapadh go bhféadfadh clásail i gconarthaí caighdeánacha a bheith míchothrom. Áirítear orthu sin:

- Gealltanais a lorg agus a fháil go n-athrófaí / go scriosfaí aon téarmaí míchothroma ón gconradh
- Iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt go measfaí clása(i)l a bheith míchothrom
- Iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda ar Ordú Urghaire i gcoinne soláthraí faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leasanna Teaglamacha Tomhaltóirí a Chosaint), 2001

(i) Treoirínite d'Earnáil na Fóillíochta

Rinne GNT athbhreithniú in 2007 ar na téarmaí a d'fhéadfadh a bheith míchothrom sna conarthaí caighdeánacha a úsáidtear in earnáil na corpacmhainne agus na fóillíochta. Tionsnaíodh an t-athbhreithniú sin de thoradh tuairim is 40 gearán a bheith faighte ag GNT ó thomhaltóirí maidir le téarmaí a d'fhéadfadh a bheith míchothrom ina gcomhaontuithe um ballraíocht chaighdeánach spórtlainne. Bhain an chuid ba mhó de na gearáin sin go príomha le fadhbanna maidir le saincheistanna áirithe conartha, ar nós clásail um fhoirceannadh agus tréimhsí fógra.

Mar chuid den athbhreithniú, scrúdaigh GNT na téarmaí agus na coinníollacha i 15 chlub corpacmhainne agus fóillíochta. Bunaithe ar an athbhreithniú sin, sainaitníodh ceithre phríomhréimse imní maidir le téarmaí míchothroma san earnáil seo, mar seo a leanas:

1. Téarmaí a fhéachann le dliteanas an chlub sin i gcás bás nó díobháil phearsanta tomhaltóra de thoradh gnímh nó faillí de chuid an díoltóra nó an tsoláthraí sin

2. Téarmaí nach raibh soiléir maidir leis an íostréimhse bhallaíochta agus an tréimhse fógra chun ballraíocht a chur ar ceal
3. Téarmaí nach raibh soiléir maidir le táillí chun ballraíocht a chur ar ceal
4. Téarmaí a lig do chlubanna athruithe neamhshrianta a dhéanamh ar na seirbhísí ar síníodh an Conradh ina leith.

Scríobh GNT chuig na 15 ghnó, á mholadh dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid téarmaí agus, sa chás gur gá, athmheas a dhéanamh orthu lena chinntiú go gcomhlíonfaidh siad na Rialacháin maidir le Téarmaí Míchothroma i gConarthaí Tomhaltóirí. De thoradh an chur chuige sin, chomhaontaigh GNT téarmaí athmheasta le trí chlub corpacmhainne Ben Dunne – spórtlanna Carlisle, Westpoint agus Northwood. Ina theannta sin, tá dul chun cinn suntasach déanta ag GNT i dtreo téarmaí agus coinníollacha ceithre mhóroibreoir eile a athmheas.

I bhfianaise líon mór na saoráidí san earnáil fóillíochta agus corpacmhainne atá ag oibriú ar fud na tíre (meastar go bhfuil níos mó ná 600 acu ann, 40% bunaithe in óstán, 40% príobháideach/ tráchtála agus 20% poiblí nó pobalbhunaithe), ní fhéadfadh an NCT gach conradh aonair a athbhreithniú. Chinn sé dá bhrí sin treoirlínte a dhéanamh don earnáil le cur ar chumas oibreoirí aonair athbhreithniú a dhéanamh ar a gcomhaontuithe ballraíochta lena chinntiú go bhfuil siad cothromaithe i gceart agus go bhfuil tuiscint shoiléir ag a gcustaiméirí orthu. I dtreo dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2007, thug an Ghníomhaireacht cuireadh don earnáil a gcuid tuairimí a nochtadh i Leith na ndrúacht-Treoirlínte. Ag an am céanna le foilsiú na dtreoirlínte, d'eisigh GNT liosta de 'sheacht bprionsabal' atá sí ag moladh don earnáil a ghlacadh. Beidh na prionsabail sin i gceoilár 'cur chuige dea-chleachtais' le haghaidh na hearnála.

Mar chuid de chur chuige comhairliúcháin na Gníomhaireachta, agus ar mhaithe le comhlíonadh san earnáil a chur chun cinn, bhuail an Ghníomhaireacht leis an gcomhlacht ionadaíochta le haghaidh giomnáisiam – Irish Leisure and Amenity Management (ILAM) - agus thug cur i láthair ag Comhdháil Bhliantúil ILAM i mí Dheireadh Fómhair 2007.

Tá GNT ag meas na n-aighneachtaí a rinneadh i gcaitheamh an phróisis chomhairliúcháin faoi láthair agus tá sé i gceist 'Treoirlínte le haghaidh Téarmaí níos Cothroime in Earnáil na Corpacmhainne agus na Fóillíochta' a fhoilsiú in 2008. Tá sé beartaithe go gcabhróidh na treoirlínte seo leis an earnáil ó thaobh téarmaí ina gconarthaí tomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith míchothrom a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus cothromaíocht chearta a bhaint amach idir cearta agus leas na gclubanna corpacmhainne agus cearta a mball.

(ii) Conarthaí Clubanna Marcaíochta

Is é AIRE an Cumann Náisiúnta le haghaidh Scoileanna Marcaíochta ar Chapall in Éirinn. Tá tuairim is 240 scoil mharcaíochta faoi scáth an Chumainn, le tuairim is 100 ball ag gach scoil (24,000 tomhaltóir). Tá córas foirm chlárúcháin/ tharscaoilte i bhfeidhm ag gach scoil. Ghlac agus d'fhaomh an Cumann an fhoirm tharscaoilte sin go lárnach. Thug GNT dúshlán ceithre mhír ar an mbonn gur mheas sí go bhféadfaidís a bheith míchothrom mar gur fhág siad ar lár aon dliteanas ar an gCumann i gcás díobháil phearsanta tomhaltóirí, agus lig do bhaill an Chumainn na rialacha a athrú ar bhealach aontaobhach gan dul i gcomhairle lena gcuid tomhaltóirí roimh ré.

Tá idirbheartaíocht fhada déanta ag GNT le AIRE agus, ag deireadh 2007, bhí sí i mbun na téarmaí agus coinníollacha a úsáideann an comhlacht ionadaíochta le haghaidh na scoileanna marcaíochta a thabhairt chun críche. Nuair a bheidh na téarmaí idirbheartaithe nua ar fad comhaontaithe ar deireadh, tá coinne leis go nglacfaidh gach scoil atá faoi scáth AIRE an fhoirm athbhreithnithe.

(iii) Téarmaí agus Coinníollacha Cothroma in Earnáil na nAerlínite

Is cúis inní trédhearcacht i bpraghsáil na n-aerlínite agus téarmaí agus coinníollacha cothroma le fada an lá do thomhaltóirí in Éirinn. Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais Ryanair, Aer Lingus and Aer Áránn, d'ardaigh GNT roinnt ábhair inní leo, lena n-áirítear:

- Nach n-aisíoctar táillí agus muirir sa chás nach dtaistealaíonn an tomhaltóir
- Táille riaracháin a ghearradh le haghaidh aisíoc cánacha
- Praghsáil thrédhearcach (ba cheart go mbeadh an táille, lena n-áirítear gach costas / táille / muirear nach féidir a sheachaint, ar fáil ag tús an phróisis áirithinte)
- Rogha uathoibríoch a bheith ar fáil glacadh le seirbhísí breise ar nós árachas taistil agus bordáil tosaíochta nó gan glacadh leo
- Trédhearcacht ó thaobh praghsanna de i gcomhthéacs na gcostas iarbhír a ghearrann na haerfoirt ar na haerlínite agus na gcostas a chuireann na haerlínite ar aghaidh chuig a bpaisinéirí

Thug GNT a n-ábhair inní do d'aire na n-aerlínite agus tugadh freagraí uirthi go luath in 2007. Tá dul chun cinn déanta maidir leis an ábhar a chuirtear san fhógraíocht sa chaoi is go bhfuil praghsanna trédhearcacha ar fáil, le cánacha, muirir agus táillí san áireamh. Tá an Ghníomhaireacht ag scrúdú na bhfreagraí a fuarthas faoi láthair i bhfianaise reachtaíocht AE atá le teacht agus í ag iarraidh an cur chuige is fearr i leith roinnt saincheistanna eile a chinneadh.

Clogáil Cairr

Tá an-bhéim curtha ag GNT ar chlogáil carranna (i.e. léamh an odaiméadair a athrú) i gcaitheamh na bliana seo a chuaigh thart. Is cleachtas an-tromchúiseach agus an-chontúirteach í clogáil cairr a dhéanann an-dochar do thomhaltóirí in Éirinn. Is féidir leis an gcleachtas míchothrom seo na céadta nó fiú na mílte euro a chur le praghas feithicil athlámhe Tharlódh go mbeadh ar an gceannaitheoir i bhfad an iomarca a íoc ar fheithicil a mbeadh i bhfad ní ba mhó de chaiteamh agus de chuimilt déanta air ná mar a chuireann an míleáiste in iúl. Cuireann gach míle míle a bhaintear den mhíleáiste tuairim is €100 le luach an chairr. Má bhaintear 30,000 míle de, d'fhéadfadh go mbeadh ar thomhaltóir nach mbeadh ar an eolas faoin gcleachtas seo €3,000 breise a íoc. Ní hé an praghas amháin a athraítear go mailíseach; is minic a athraítear stair na seirbhíse freisin, rud a fhágann nach amháin go mbíonn airgead cailte ag an úinéir nua ach nach mbíonn a fhios aige/aici i gceart ach an oiread cén chothabháil a theastaíonn ón gcarr agus cathain a theastaíonn sí.

I gcaitheamh na bliana seo a chuaigh thart, dhírigh GNT a cuid iarrachtaí ar fheasacht tomhaltóirí ar an bhfadhb a chur chun cinn agus ar fheachtas dírithe forfheidhmiúcháin le tacú leis sin.

Eolas a sholáthar do Thomhaltóirí

I mí an Mheithimh 2007, sheol GNT treoir le carr a cheannach. Tugann an treoir seo leideanna agus comhairle phraiticiúil do thomhaltóirí atá ag ceannach carr nua nó athlámhe. Tugadh poiblíocht fhorleathan don leabhrán ag an am agus dáileadh é ar Oifigí Mótarchánach, ar Lárionaid Tástála Náisiúnta Gluaisteán, ar Lárionaid Tástála Tiománaithe agus ar Chumann Thionscal Mótár na hÉireann le dáileadh ar gharáistí a gcuid ball. Tá an leabhrán ar fail ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta agus is féidir é a fháil freisin ónár lárionad glaonna (Teil: 1890 432 432) agus moltar d'aon duine atá ag smaoineamh ar charr a cheannach an leabhrán a léamh.

Gearáin

Fuarthas níos mó ná 100 gearán/ fiosú a bhain le clogáil cairr líomhanta i gcaitheamh 2007. Níorbh fhéidir leanúint d'fhormhór na gcásanna (tuairim is 75%) tar éis na chéad chéime, áfach, ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear

- Ní raibh tomhaltóirí in ann nó sásta eolas mionsonrach a thabhairt do GNT
- Bhí Reacht na dTréimhsí (i.e. an teorainn ama reachtúil de 18 mí le haghaidh cás a thógáil) ídithe sular tháinig an cás d'aire GNT
- Níor fhéidir aon fhianaise ar sháruithe a fháil
- Trádálaithe éirí as an ngnó.

Feachtas forghníomhach

Chomh maith le gearáin a leanúint, reáchtáil GNT fiosrúchán priacal-bhunaithe i gcaitheamh na bliana. Is éard a bhí i gceist ná próifíl de charranna le himscrúdú a fhorbairt, bunaithe ar thosca éagsúla lena n-áirítear déantús/ cineál, méid an innill, aois agus léamh an odaiméadair. Roghnaíodh níos mó ná dhá chéad carr ó roinnt foinsí lena n-áirítear seiceálacha réamhchuirte ar dhíoltóirí carranna ar fud na tíre, láithreáin ghréasáin carranna, carranna a tugadh thar tír isteach agus díolachán carranna ar léas/ carranna cabhlaigh a rianú.

Ag éirí as an tionscnamh sin, roghnaíodh 20 cás le himscrúdú. Mar chuid d'obair GNT sa réimse seo, thug páirithe leasmhara éagsúla cabhair di chomh maith le comhoibriú léi, lena n-áirítear na Gardaí, na húdarais Ioncaim/ Chustaim, an Oifig um Chlárú Feithiclí agus comhghleacaithe i gCaighdeáin Traenála i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain. Tá comhoibriú faighte ag GNT freisin ó Chumann Thionscal Mótár na hÉireann agus ó chuideachtaí fruilithe, léasaithe agus bainistithe carranna.

Gníomhartha forfheidhmiúcháin

D'éirigh leis GNT díoltóir carranna a ionchúiseamh i mí an Mheitheamh 2007 as carr clogáilte a dhíol. Thionscain an Gníomhaireacht cás eile le haghaidh ionchúisimh in 2007; níor tháinig an cás sin os comhair na gCúirteanna go dtí mí an Mheithimh 2008.

Tar éis achtú an Achta um Chosaint Tomhaltóirí, chinn GNT gur chóir modhanna eile forfheidhmiúcháin a fhiosrú. Go sonrach d'fhéadfaí gealltanais a lorg ó dhíoltóirí go n-eiroidís as cleachtas míthreoreach na clogála agus nach ndíolfaidís carranna clogáilte, agus go dtabharfaidís cúiteamh do thomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith thíos leis, mar rogha thapa agus éifeachtach in áit ionchúisimh. In 2008 thosaigh an Ghníomhaireacht ar ghealltanais a úsáid mar uirlis le dul i ngleic leis na cleachtais mhíthreoreacha a bhaineann le carranna clogáilte a dhíol nó a chur ar díol agus cúiteamh a thabhairt do thomhaltóirí.

Leas Gnó a nochtadh i gcás Fógraíochta – Ag baint go príomha le díol carranna athlámhe

Éilíonn an tOrdú um Leas Gnó a Nochtadh i bhFógraíocht 1984 go gcuirfeadh aon duine a dhéanann fógraíocht (ag baint go príomha le díol carranna athlámhe) in iúl é má tá sé ag gníomhú i gcáil gnó. Cuireann Alt 55, fo-alt 1(x) den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 toirmeasc faoina chur i gcéill nach bhfuiltear ag gníomhú i gcáil gnó más amhlaidh go bhfuiltear. Is é cuspóir an cheanglais sin go mbeadh a fhios ag tomhaltóirí cé acu atá siad ag plé le gnó nó le duine príobháideach. Ní chlúdódh na dlíthe cosanta tomhaltóirí daoine a bheadh ag ceannach cairr athlámhe nó táirge ar bith eile go díreach ó tomhaltóir eile.

I gcaitheamh 2007, mar shíneadh leis an tionscadal clogála carranna, chuaigh GNT i dteagmháil leis na meáin chlóite agus le húinéirí láithreáin ghréasáin ag tabhairt cheanglais na reachtaíochta dá n-aire. Fuair GNT tiomantas ó 10 nuachtán náisiúnta, ó 72 nuachtán cúigeach, ó 45 nuachtán saor in aisce agus ó 29 láithreán gréasáin díola carranna go gcomhlíonfaidís ceanglais na reachtaíochta agus go gcuirfidís nósanna imeachta i bhfeidhm chun é sin a bhaint amach.

Is cabhair é comhoibriú na meán ó thaobh é a bheith mar cheanglas ar thrádálaithe a stádas a nochtadh i gcomhthéacs fógraí beaga a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh cosaint níos fearr ag tomhaltóirí. Chomh maith leis sin, éascóidh sé feachtas clogála carranna GNT. Tá GNT ag déanamh monatóireachta ó am go chéile ar na fógraí le fáil amach

- (a) An bhfuil na meáin ag cloí leis na tiomantais a thug siad
- (b) Nach trádálaithe i mbréagriocht tomhaltóirí iad lucht curtha chun cinn na bhfógraí beaga

An tOrdú um Cháin a chur san Áireamh – Gairm an Dlí

Tugadh eolas do GNT go raibh pacáistí tíolactha ar fáil ó roinnt bheag aturnaetha, gan CBL a chur san áireamh. Is sárú é sin ar an Ordú um Cháin a chur san Áireamh 1973. I dteannta leis an obair a rinne an Ghníomhaireacht chun comhlíonadh deonach a bhaint amach i gcásanna aonair, chuaigh an Oifig i dteagmháil le Dlí-Chumann na hÉireann chun é a chur in iúl dóibh go mbíonn ar a bhaill glacadh leis an reachtaíocht a bhaineann le Cáin a Chur san Áireamh. D'fhoilsigh Dlí-Chumann na hÉireann alt in eagrán mhí na Samhna 2007 den Law Society Gazette chun an t-ábhar seo a chur in iúl dá bhaill.

Sábháilteacht Táirgí

Faireachas Margaidh

Tá freagracht ar GNT le haghaidh faireachas margaidh maidir le sábháilteacht táirgí a thagann faoi scóip roinnt de na Treoracha Eorpacha. Is iad sin:

- Voltas Íseal (lena n-áirítear formhór na bhfearas leictreach a bhíonn in úsáid i dtithe)
- Trealamh Cosanta Pearsanta (clogaid rothair, seaicéid tarrthála etc)
- Fearais Dóite Gáis (cócaireáin, téitheoirí, beárbaiciúnna gáis etc)
- Sábháilteacht Bréagán
- Treoir um Shábháilteacht Ghinearálta Táirgí (gach táirge tomhaltais nach bhfuil clúdaithe ag Treoir ar leith).

Clúdaíonn an Treoir um Shábháilteacht Ghinearálta Táirgí gach táirge nach bia é agus leagann sé an phríomhfhreagracht le haghaidh sábháilteacht táirgí ar dhéantúsóirí, allmhaireoirí, dáileoirí agus miondíoltóirí an táirge. Caithfidh siad a chinntiú nach gcuireann siad ach táirgí sábháilte ar an margadh. Má fhaigheann aon oibreoir amach go bhfuil táirge curtha ar an margadh aige a bhféadfadh priacal a bheith leis do thomhaltóirí, ní mór dó gníomh cuí a ghlacadh, fiú má chiallaíonn sé sin go gcaithfidh sé an táirge a bhaint den mhargadh chun sábháilteacht a chinntiú. Ní mór aon bheart den sort sin a chur in iúl do GNT agus ní mór dise é a chur in iúl don Choimisiún Eorpach. Is athrú suntasach san fhaireachas margaidh le haghaidh sábháilteacht táirgí é an phríomhfhreagairt a chur ar na hoibreoírí, agus tá sé an-éifeachtach go dtí seo.

Is fianaise air sin é go bhfuil ardú ag teacht ar líon na mbeart deonach a chuirtear in iúl don Choimisiún Eorpach tríd an gCóras Mear-Fholáirimh (RAPEX). Ba de thoradh gníomhartha a thionscain na hoibreoírí eacnamaíochta a cuireadh in iúl níos mó ná leath na 1,600 fógra maidir le táirgí a baineadh den mhargadh/ gníomhartha leasúcháin a rinneadh i gcaitheamh 2007. Bhí bréagáin ag barr an liosta RAPEX le níos mó ná 400 fógra in 2007.

Sábháilteacht Bréagán agus Aisghairmeacha

Is iad GNT agus a réamhtheachtaí, Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí, atá ina comhlacht faireachas margaidh le haghaidh sábháilteacht bréagán ó 1990 i leith. Le himeacht na mblianta tá an bhéim athraithe ó phriacail fhisiceacha ar nós faobhar géar go dtí comhdhéanamh an bhréagáin; mar shampla luaidhe a bheith ann nó substaintí carcanaigineacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

Sa chuid dheireanach de 2007, rinne Mattel agus déatúsóirí bréagán eile roinnt aisghairmeacha a ndearnadh go leor tráchta orthu, de thoradh leibhéal ró-arda ceimicí a bheith in úsáid i dtáirgeadh na mbréagán agus na gcontúirtí a bhaineann le bréagáin mhaighnéadacha. Mar fhreagra ar na haisghairmeacha sin, chuaigh GNT i gcomhairle leis na miondíoltóirí/déantúsóirí lena chinntiú go gcuirfí tomhaltóirí ar an eolas faoi agus go gcuirfí córais chuí i bhfeidhm le cabhrú le tomhaltóirí na bréagáin a bhí i gceist a thabhairt ar ais. Scríobh GNT chuig na allmhaireoirí, na dáileoirí agus na miondíoltóirí bréagán éagsúla freisin á chur in iúl dóibh:

- A gcuid dualgas bréagáin shábháilte a chur ar an margadh
- Gníomh leasúcháin a ghlacadh má fhaigheann siad amach go bhfuil priacal sábháilteachta ag baint le haon bhréagán
- Ceistneoir maidir lena nósanna imeachta sábháilteacht bréagán a líonadh

Rinne GNT idirchaidreamh freisin leis na hÚdaráis Chustaim chun oibreoirí a bhíonn ag allmhairiú bréagán go díreach ó thíortha neamh-AE isteach go hÉirinn a shainaithint Chuir sé sin ar chumas GNT dul i dteagmháil leis na allmhaireoirí sin lena chinntiú go bhfuil siad a comhlíonadh a ndualgas ó thaobh sábháilteacht bréagán de.

Athbhreithniú an Choimisiúin Eorpaigh ar bhearta sábháilteacht bréagán

Spreag na haisghairmeacha a ndearnadh go leor tráchta orthu in 2007 an Coimisiún Eorpach le hathbhreithniú a dhéanamh ar shábháilteacht bréagán. Bhí ionchur ag GNT in athbhreithniú an Choimisiúin Eorpaigh. Is é an chonclúid a rinne an Coimisiún go raibh méid suntasach oibre á dhéanamh le tomhaltóirí a chosaint ar tháirgí bhaolacha agus nach raibh aon ghá láithreach le hathruithe móra a dhéanamh ar an gcóras rialúcháin. Ós rud é go ndéantar formhór mór na mbréagán sa tSín, ghlac sé mar chúram air féin tosaíocht a thabhairt dá chaidreamh leis na Síneach agus é mar aidhm aige go gcloífeadh na déantúsóirí go hiomlán leis na ceanglais sábháilteacht bréagán.

Gníomhartha maidir le Bréagán Mhaighnéadacha

Shainaithin an Coimisiún freisin, agus é i mbun a athbhreithnithe, go raibh gá le caighdeán a fhorbairt maidir le maighnéid i mbréagáin. As siocair go raibh coinne go dtógfadh sé sin dhá bhliain ar a laghad, chinn an Coimisiún cumhachtaí na Treorach um Shábháilteacht Ghinearálta Táirgí a úsáid chun nósanna imeachta eatramhacha a thabhairt isteach a chuirfeadh de cheaglas ar gach Ballstát céimeanna a ghlacadh i dtreo a chinntiú go mbeadh rabhadh, ag leagan amach na bpríacal do leanaí a bhainfeadh leis na bréagáin sin a shlogadh, ceangailte le gach bréagán maighnéadach a chuirfí ar an margadh. Thug GNT réamhfhógra faoi Chinneadh an Choimisiúin (sceidealaithe le teacht i bhfeidhm an 1 Iúil 2008) d'oibreoirí bréagán na hÉireann. Rinneadh é sin ar na bealaí seo a leanas

- Fógra a chur san Iris Oifigiúil
- Fógraí sna nuachtáin laethúla
- Fógra ar láithreán gréasáin GNT
- Cumarsáid scríofa chuig oibreoirí bréagán agus chuig comhlachtaí ionadaíochta
- Cur i láthair d'oibreoirí ag seimineár a thionóil GNT i mí Aibreáin 2008

Dréacht-Treoir um Shábháilteacht Bréagán

Ag éirí as an athbhreithniú, chuir an Coimisiún Eorpach moladh faoi bhráid na Comhairle maidir le dréacht-athbhreithniú ar an Treoir um Shábháilteacht Bréagán. Tá an dréacht-Treoir á plé ag leibhéal Grúpa Oibre Comhairle faoi láthair agus tá coinne go mbeidh sí curtha i gcrích faoi dheireadh 2008.

Is iad príomhaidhmeanna na dréacht-Treorach

- (i) Sábháilteacht táirgí a fheabhsú le dul i ngleic le guaiseacha a sainaitníodh le deireanas maidir le (go háirithe) ceimicí i mbréagáin, guaiseacha tachtá agus bréagáin a bhfuil baint acu le bia
- (ii) Soláthar a dhéanamh d'fhorfheidhmiú níos éifeachtúla agus éifeachtaí ag Ballstáit

Molann an dréacht-Treoir freisin go mbeadh an marc CE ní b'fheiceálaí agus ní b'éasca lena aithint agus féachann le scóip na Treoreach agus an gaol atá aici leis an Treoir um Shábháilteacht Ghinearálta Táirgí a shoiléiriú.

Cinneadh an Choimisiúin maidir le Lastóirí Toitíní

De réir Chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh (2006/502/CE) ón 11 Bealtaine 2006, ní mór do Bhallstáit glacadh leis na pointí seo a leanas maidir le lastóirí indiúscartha, úrnuachta :

- (i) Deimhin a dhéanamh de nach gcuirtear ach lastóirí leanbh dhíonacha ar an margadh, agus
- (ii) Cosc a chur ar lastóirí úrnuachta agus lastóirí atá deartha le dul i gcion ar leanaí a chur ar an margadh.

Roimh Chinneadh a dhéanamh, thug an Coimisiún aird ar na guaiseanna a bhaineann leis na táirgí seo, lena n-áirítear :

- Na fadhbanna a chruthaítear nuair a bhíonn teacht ag leanaí ar na lastóirí, lena n-áirítear tinte, gortuithe agus bás, agus
- An méid lastóirí a chuirtear ar an margadh, agus an dochar a dhéantar do shábháilteacht leanaí má úsáidtear iad mar bhréagáin.

Tháinig ceangaltais chinneadh an Choimisiúin i bhfeidhm an 12 Márta 2007. Tugadh an t-am breise sin do Bhallstáit chun na bearta is gá a dhéanamh le ceangaltais chinneadh an Choimisiúin a chur i bhfeidhm. Ón 12 Márta 2007 ar aghaidh, ní mór do Bhallstáit deimhin a dhéanamh de lastóirí leanbh dhíonacha a chur ar an margadh agus cosc a chur ar lastóirí úrnuachta.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as cinneadh an Choimisiúin a chur i bhfeidhm in Éirinn. Seo a leanas an obair atá déanta go dtí seo :

- Litreacha a sheoladh chuig comhlachtaí ionadaíochta le baill a dhéanann lastóirí a allmhairiú, a dháileadh nó a dhíol
- Eolas ar an bhfógra seo a sheoladh go dtí na sainirisí ceirde éagsúla
- Fógra curtha ar an láithreán gréasáin
- Fógraí a sheoladh chuig na comhlachtaí le socraíocht teagmhála leis an nGníomhaireacht
- Cinneadh an Choimisiúin a fhoilsiú in Iris Oifigiúil

RAPEX

Tá sé de cheanglas ar gach Ballstát AE aon gníomh a ghlactar i leith táirgí a d'fhéadfadh a bheith guaiseach atá curtha ar a margadh a chur in iúl don Choimisiún. Seoltar é sin, ar a sheal, chuig gach tír eile. Éilítear ar na Ballstáit a fhaigheann scéala a sheiceáil an bhfuil an táirge sin ar díol ar a margadh féin agus, má tá, gníomh leasúcháin a dhéanamh. Ní mór 'frithghníomh' a dhéanamh leis an gCoimisiún ansin, ag tabhairt sonraí den gníomh a glacadh. I gcaitheamh 2007, próiseáladh beagnach 1600 fógra ó gach cearn den AE tríd an gcóras. Is ardú 53% é sin le hais 2006.

Is í GNT an pointe teagmhála RAPEX d'Éirinn. Bíonn dlúth-idirchaidreamh aici le trádálaithe agus le comhlachtaí ionadaíochta cuí le fáil amach an bhfuil an táirge atá i gceist ar díol ar mhargadh na hÉireann agus, má tá, na gníomhartha cuí ba choir a ghlacadh a chinneadh. Bhain níos mó ná 80 de na fógraí in 2007 le táirgí atá le fáil ar mhargadh na hÉireann, 49 acu leis an mótarthionscal. Chomh maith leis sin, rinne an NCA 32 fógra maidir le táirgí atá le fáil ar mhargadh na hÉireann ar ábhar imní iad ó thaobh sábháilteachta de (féach aguisín IV). Cuireadh fógraí aisghairme ar an láithreán gréasáin agus eisíodh preaseisiúintí / preasfhógraí de réir mar ba chuí.

Tá sonraí ar fáil ar na fógraí RAPEX éagsúla ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ar

http://ec.europa.eu/consumers/dyna/rapex/rapex_archives_en.cfm

De réir na hanailise atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach ar an gcóras RAPEX le blianta beaga anuas, baineann timpeall is leath na dtáirgí dainséaracha a cuireadh in iúl ag na Ballstáit le táirgí allmhairithe ón tSín. Bhuail an Coimisiún le hÚdaráis na Síne, i gcomhoibriú leis na Ballstáit, chun é a chur in iúl do na hÚdaráis gur gá feabhas a chur ar shábháilteacht na dtáirgí a sheoltar chuig an AE.

Le blianta beaga anuas, tá ardú mór tagtha ar líon na bhfógraí RAPEX a seoladh isteach. Tá an t-ardú seo bunaithe ar theacht i bhfeidhm na Treorach um Shábháilteacht Ghinearálta Táirgí in 2004 agus ar an eolas breise atá ar fáil do dhaoine ar shábháilteacht táirgí, chomh maith le méadú an AE.

Bliain	Líon na bhfógraí a seoladh isteach
2003	139
2004	468
2005	847
2006	1051
2007	1603

Imscrúduithe maidir le Sábháilteacht Táirgí

Fuair GNT tuairim is 200 ceist / gearán maidir le saincheistanna éagsúla i dtaobh sábháilteacht táirgí. Imscrúdaíodh na gearáin ar fad agus glacadh gníomhartha cuí lena chinntiú nach mbeadh an táirge ina ghuais sábháilteachta ag tomhaltóirí. Áirítear ar an gcineál gnímh a glacadh cáipéisíocht theicniúil a mheasúnú le dearbhú go bhfuil sí ag cloí leis an gcaighdeán, rudaí a chur ar aghaidh le haghaidh tástála, éileamh ar oibreoirí rabhaidh / treoracha sábháilteachta cuí a cheangal le táirgí, foláirimh do thomhaltóirí agus leideanna sábháilteachta a chur ar an láithreán gréasáin agus, i gcásanna áirithe, an táirge a bhaint den mhargadh agus a aisghairm.

Áirítear ar na cineálacha táirgí a scrúdaíodh roinnt táirgí leictreacha ar nós oigheann, citeal agus triomadóirí gruage; bréagáin agus earraí cúram leanaí lena n-áirítear pramanna agus cliabháin; táirgí cosmaidí; agus earraí tí, lena n-áirítear scagairí uisce.

Seo a leanas samplaí de na gníomhartha a glacadh:

- **Cartús scagtha uisce.** Mhaígh tomhaltóir nach raibh dóthain eolais ar shaolré an chartúis ar chartús scagtha a ceannaíodh agus mheas go raibh priacal sláinte agus sábháilteachta leis sin. De thoradh idirghabháil GNT, chomhaontaigh déantúsóirí an chartúis scagtha uisce an fhoclaíocht ar phacáistíocht an chartúis a athbhreithniú chun eolas ní ba shoiléire ar a shaolré a chur san áireamh.

- **Triomadóir gruaige.** Cuireadh níos mó ná 5,000 acu seo ar mhargadh na hÉireann. Tugadh ar ais roinnt acu sin ar chúiseanna éagsúla, mar shampla róthéamh. De thoradh idirghabháil na Gníomhaireachta, gheall an miondíoltóir go bhfiafródh sé den déantúsóir an raibh priacal sábháilteachta ginearálta leis an táirge. Chuir tuarscáil tástála neamhspleáiche in iúl go raibh an táirge sábháilte agus gur chomhlíon sé na caighdeáin chuí.

Ceardlann Sábháilteacht Táirgí

D’eagraigh GNT ceardlann i gcomhar le DG SANCO (an Coimisiún Eorpach) agus réachtáladh é an 20 Aibreán 2007. Ba é aidhm na ceardlainne na húdaráis faireachais mhargaidh ar fad, eagraíochtaí ábhartha eile agus Ranna Rialtais a thabhairt le chéile chun comhairle a chur orthu faoi ról GNT agus an Choimisiúin Eorpaigh i réimse na sábháilteachta táirgí, go háirithe RAPEX.

Abhcóideacht agus Eolas

Chomh maith le gníomhaíocht faireachas margaidh, tá ról abhcóideachta agus eolais ag GNT freisin maidir le saincheisteanna tomhaltóirí, lena n-áirítear sábháilteacht bréagán. Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag úsáid a stádais chun saincheisteanna a thagann aníos a thabhairt chun poiblíochta. Trína láithreáin ghréasáin ghnó agus tomhaltóirí, soláthraíonn an Gníomhaireacht sonraí d’aon táirge nach bhfuil sábháilte, lena n-áirítear eolas ar aisghairmeacha. Soláthraíonn GNT leideanna / comhairle maidir le sábháilteacht bréagán freisin agus tá leabhrán do thomhaltóirí ar shábháilteacht bréagán foilsithe aici.

Tá liosta d’úsáid dea-chleachtais agus leideanna sábháilteachta maidir le trampailíní a úsáid dréachtaithe ag GNT agus tá sé le fáil ar an láithreán gréasáin.

Reachtáil GNT seimineár go luath in 2008 chun a gcuid dualgas maidir le sábháilteacht táirgí a chur in iúl do na príomhpháirtithe leasmhara agus faisnéisiú a thabhairt ar na hathruithe atá beartaithe faoin Treoir Bréagán nua.

Feachtas Feasachta Camscéimeanna

Is comhalta é GNT de ICPEN, an Líonra Idirnáisiúnta um Chosaint agus Forfheidhmiú do Thomhaltóirí. Cuimsíonn sé údaráis forfheidhmiúcháin níos mó ná dhá dhosaen tír, ar cuid den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) an chuid is mó acu. Is é sainordú an Líonra eolas ar ghníomhaíochtaí tráchtála trasteorann, a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar leas tomhaltóirí, a roinnt agus comhoibriú idirnáisiúnta i measc gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin a spreagadh.

In 2007, mar chuid de Mhí Cosctha Calaoise ICPEN, reachtáil GNT feachtas dar teideal “Airgead saor in aisce nó an camscéim é?” a bhí dírithe ar na náisiúntachtaí éagsúla atá ag obair agus ina gcónaí in Éirinn. Aistríodh ‘póstaer camscéimeanna’ go 11 teanga éagsúil (lena n-áirítear Béarla, Gaeilge, Rúisis, Laitvis, Liotuáinis, Polainnis, Portaingéilis, Ungáiris, Seicis, Sínis agus Rómáinis agus dáileadh go forleathan é ar na heagraíochtaí náisiúnta éagsúla a bhíonn ag plé go rialta le lucht

inimirce. Ba é rún na bpóstaer a chinntiú go mbeadh a fhios ag gach grúpa eitneach sa tír go bhfuil camscéimeanna ar siúl, cén chaoi lena n-aithint agus cén ghníomhaireacht ar chóir dóibh aon cheann a thagann dá n-aire a thuairisciú chuici. Cuireadh fógraí freisin i gcúig cinn de nuachtáin i Béarla, i Rúisis, i bPolannnis, i Liotuáinis agus i Laitvis agus rinneadh naoi gcinn d'agallimh raidió maidir le camscéimeanna i gcaitheamh na tréimhse. Chomh maith leis sin ar fad, cuireadh fógraí ar chúl na rollaí scipéad airgid i siopaí miondíola grósaeirí áirithe i mí Aibreáin 2007.

Camscéimeanna

Tá cumhachtaí GNT méadaithe go mór ag an Acht um Chosaint Tomhaltóirí le dul i ngleic le raon leathan cleachtais tráchtála mhíthreoracha, lena n-áirítear crannchuir bhréagacha, déileálaithe cama agus cleachtais ghéara eile. Moltar do thomhaltóirí dul i dteagmháil leis an nGníomhaireacht nuair atá gearán le déanamh acu.

Cuireadh ábhar nua le láithreán gréasáin GNT chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi chamscéimeanna, cén chaoi lena n-aithint agus iad a sheachaint ar fad más féidir; na deich gcamscéim is coitianta; cén áit le camscéimeanna a thuairisciú agus go bhfuil forálacha nua san Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 le dul i ngleic le camscéimeanna. Ina theannta sin rinneadh dhá phodchraoladh le haghaidh an láithreáin ghréasáin (5 agus 10 nóiméad ar fhad) chun rabhadh a thabhairt do thomhaltóirí i dtaobh lucht na gcamscéimeanna a dhéanfaidh iarracht an t-airgead a shaothraigh siad go dian a bhaint díobh le feall.

Tá an Ghníomhaireacht ag imscrúdú roinnt cásanna a tháinig as na cumhachtaí nua seo agus tá coinne le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin i gcaitheamh 2008.

Lipéadú Bia

Éilíonn na Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Tíolacadh agus Fógairt Earraí Bia), 2002, arna leasú, go dtugtar eolas áirithe ar lipéad bia réamhphacáistithe. Cuimsíonn an t-eolas sin ainm an bhia, liosta na gcomhábhar agus, i gcúinsí áirithe, a gcainníocht, an dáta íosmharthanachta, glanmheáchan agus foinse sa chás go bhféadfadh easpa eolais den sórt sin a bheith míthreorach. Bhí OSGT, mar a bhí, ar cheann de roinnt comhlachtaí éagsúla a bhí freagrach as eolas ar lipéid ábhar bia. Ba é a fheidhm seiceáil a dhéanamh go bhfuil an t-eolas ar an lipéad agus go bhfuil sé sofheicthe, soléite agus nach bhfuil sé míthreorach.

Is mó an bhaint atá ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus ag Gníomhaireachtaí agus Ranna eile Sábháilteachta Bia ná mar atá ag GNT le formhór na ngearán/ na gceisteanna i dtaobh bia a fuair GNT in 2007 agus seoladh ar aghaidh iad chuig na réimsí cuí saineolais. Chomhaontaigh GNT agus USBE gurbh fhearr go mbeadh freagracht as lipéadú bia faoi shainchúram USBE agus go mbunófaí Meamram Tuisceana i gcaitheamh 2008 chun é sin a léiriú.

Earnáil na Teileachumarsáide

I gcaitheamh 2007, fuair GNT an-chuid gearán agus iarratas ar eolas maidir le gníomhaíochtaí agus oibriú cuideachtaí teileachumarsáide. Pléadh le raon saincheisteanna, lena n-áirítear fograíocht a d'fhéadfadh a bheith míthreorach.

Dhá réimse a tháinig aníos mar ábhar inní ab ea ciandíol agus luas na seirbhísí leathanbhanda.

Tá dlúthbhaint ag ciandíol le tionscal na teileachumarsáide. Ní hamháin gurb iad na táirgí teileachumarsáide – m.sh. leathanbhanda (rochtain idirlín) agus seirbhísí teileafóin – na príomhmheáin trína dtéann daoine i muinín cianchonarthaí, ach faigheann go leor daoine seirbhísí teileachumarsáide freisin trí chianchonradh. Ina fhianaise sin ar fad, tá sé tábhachtach leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar na cuideachtaí teileachumarsáide lena chinntiú go bhfuil Fíorú Tríú Páirtí ag feidhmiú mar is ceart agus go gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas faoina gcearta ar fad faoi na Rialacháin um Chiandhíol – agus do dtugtar dóibh iad – agus iad ag glacadh le seirbhís teileachumarsáide ar an bhfón. I gcaitheamh 2007 bhí idirphlé ar bhonn leanúnach le ComReg lena chinntiú go raibh an dá eagraíocht ar aon intinn faoi na rialacháin.

I gcaitheamh 2007, fuair an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí líon suntasach gearán faoi luas an leathanbhanda a bhí tomhaltóirí a fháil, trí cheangal líne talún agus trí tháirgí leathanbhanda soghluaiste, a bheith ní ba mhoille ná mar a chuir soláthraithe leathanbhanda in iúl san fhógraíocht. I gcaitheamh a cuid imscrúduithe, thosaigh an Gníomhaireacht ag obair i gcomhar leis an Údarás Caighdeán Fógraíochta d'Éirinn agus le ComReg chun treoirínite le haghaidh fógraíocht leathanbhanda a dhréachtú ionas nach ndéanfaidh soláthraithe leathanbhanda fógraíocht mhíthreorach nó mhíchuí feasta. Comhaontaíodh na Treoirínite sin go luath in 2008.

Fuair an Gníomhaireacht aontú ó roinnt oibreoirí freisin na téarmaí agus coinníollacha sonracha atá i bhfeidm le haghaidh am cainte fógartha ‘gan teorainn’. An fhadhb a bhí leis ná go bhféadfadh an chuideachta deireadh a chur leis an nglaoch dá rachadh an custaiméir thar thairseacha áirithe, ainneoin gur fógraíodh é mar am cainte gan teorainn. Thángthas ar chomhaontú áit ar chuir oibreoirí paraiméadair na tairisceana gan teorainn sa chonradh.


Idirghabhálaithe Creidmheasa

Tá ról ag GNT freisin ó thaobh idirghabhálaithe creidmheasa a údarú. Faoin Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 (arna leasú) ní mór d'idirghabhálaithe creidmheasa cead a fháil ó GNT d'fhonn saoráidí creidmheasa a chur ar fáil don phobal. Is idirghabhálaithe creidmheasa iad daoine, agus iad i mbun a gcuid oibre, a shocraíonn creidmheas do thomhaltóirí agus a fhaigheann siad íocaíocht, nó comaoin d'aon chineál, lena aghaidh. Tá an chuid is mó d'idirghabhálaithe creidmheasa ag feidhmiú i ngnó na mótarfheithiclí; roinnt bheag acu ag feidhmiú in earnálacha miondíola eile, go háirithe sna hearnálacha troscáin agus leictreachais.

Ní mór d'idirghabhálaithe a n-údarú a thaispeáint go poiblí ina n-áitreabh, agus ní mór dóibh sonraí scríofa a thabhairt don tomhaltóir maidir leis an gcomhaontú chomh maith le sonraí faoin institiúid airgeadais a n-oibríonn siad ar a son, roimh chomhaontú a shíniú leis an tomhaltóir. Ní mór dóibh freisin a chur in iúl don tomhaltóir go n-íoctar iad ar a gcuid seirbhísí. Moltar do thomhaltóirí plé le hidirghabhálaithe creidmheasa údaraithe, agus leo sin amháin.

Phróiseáil GNT 1,118 iarratas ar údarú idirghabhálaí creidmheasa in 2007, le hais 1165 in 2006. Is íslíú 3.9% é sin ar líon na n-údaruithe a eisíodh in 2006. Fuarthas €653,064 d'ioncam ar tháillí le haghaidh na bliana féilire 2007.

Tá sonraí ar fáil thíos de na hiarratais a fuarthas ó 2000 i leith.



Suirbhé um Chomhlíonadh Institiúidí Creidmheasa

In 2007, rinneadh suirbhé ar chomhlíonadh le fáil amach a mhéad agus a bhain reachtaíocht creidmheas tomhaltóirí le hearnálacha seachas gnó na mótarfheithiclí. Ba iad na príomhréimsí a athbhreithníodh ná earraí móra ar nós troscáin, earraí leictreacha, earraí leictreonacha, cistineacha nó seomraí folctha.

Chuir na institiúidí airgeadais liosta ar fáil ar iarratas de na trádálaithe a d'fhéadfadh a bheith ag obair mar idirghabhálaí creidmheasa. Cros-seiceáladh na gnónna sin lenár mbunachar sonraí agus sainaithníodh níos mó ná 370 acu a bhí le leanúint agus le himscrúdú a thuilleadh. Fuarthas amach ina dhiaidh sin go raibh go leor acu sin nach raibh údarú ag teastáil uathu nó a bhí dúnta. Tháinig 35 iarratas nua chun cinn de thoradh an tsuirbhé.

Treisíodh a thuilleadh ar an teachtaireacht do na Tithe Airgeadais nach ceadmhach coimisiún a íoc le hidirghabhálaithe creidmheasa mura bhfuil údarú reatha idirghabhálaí creidmheasa ag na hidirghabhálaithe sin.

Ceadúnais Gheallearbóra

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as ceadúnais gheallearbóra a eisiúint. Eisíodh cúig cheadúnas do gheallearbóirí in 2007. Bhí dhá cheadúnas á bpróiseáil ag deireadh na bliana. Thug Oifigigh GNT cuairt ar áitribh na ngeallearbóirí le linn na bliana, chun deimhin a dhéanamh de go raibh téarmaí agus coinníollacha a gceadúnais á gcomhlíonadh acu.

Clár Poiblí

Coimeádann GNT clár poiblí de na daoine atá údaraithe le feidhmiú mar idirghabhálaithe creidmheasa. Baineann na hinstitiúidí airgeadais úsáid rialta as an gclár agus is féidir leis an bpobal breathnú air ar an láithreán gréasáin www.nca.ie Moltar do thomhaltóirí, sula n-eagraíonn said creidmheas trí idirghabhálaithe den sórt sin, an clár poiblí a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil an t-idirghabhálaí lena bhfuil siad ag plé údaraithe.

Piléar 2 – Abhcóideacht agus Taighde

Suirbhéanna Comparáid Praghsanna in Earnáil na Grósaeireachta

I gcaitheamh shamhradh 2007, d’eagraíomar tionscadal píolótach inar ceannaíodh ciseán earraí brandáilte sna príomh-mhiondíoltóirí - Dunnes, Tesco, Superquinn, Supervalu agus na grúpaí siombaile, Eurospar, Spar agus Centra. Léirigh an suirbhé sin gur beag an difríocht a bhí idir na praghsanna sna hilstóir; go raibh praghsáil SuperValu inchomórtais leis na hilstóir; go raibh difíochtaí suntasacha sna praghsanna idir na hasraonta móra sin agus na stórais grúpa siombaile; agus, freisin, go raibh difíochtaí móra idir na praghsanna sna stórais grúpa siombaile éagsúla.

Ag tógáil ar an suirbhé píolótach sin, réachtáil GNT suirbhé comparáide ní b’fhairsinge ar phraghsanna earraí grósaeireachta i mí na Nollag 2007. Foilsíodh na torthaí i mí Feabhra 2008 agus chuimsigh said raon earraí brandáilte agus earraí branda dhílis, feoil, torthaí úra agus glasraí sna ilstóir, sna siopaí lascaine, sna miondíoltóirí siombaile agus i raon asraonta neamhspleácha. Fuarthas amach ón suirbhé go raibh miondifríochtaí praghais idir na hearraí brandáilte sna ilstóir éagsúla, rud a dhearbhaigh torthaí an tsuirbhé phíolótaigh. Ó thaobh táirgí branda dhílis de, cuireadh táirgí Aldi agus Lidl i gcomparáid le táirgí branda dhílis lánraoin na n-ilstór mór; léirigh an suirbhé go raibh difríochtaí suntasacha sna praghsanna idir na hilstóir agus na siopaí lascaine. D’éirigh go maith den chuid is mó le siopaí neamhspleácha búistéara agus torthaí agus glasraí le hais na n-ilstóras. Ba chostasaí miondíoltóirí grúpa siombaile, mar a bhí coinne leis, i bhfianaise a stádais mar stóras áise. Bhí difríochtaí suntasacha sna praghsanna, áfach, idir na grúpaí siombaile a ghlac páirt sa suirbhé.

Sásamh do Thomhaltóirí

Tá ról tábhachtach ag GNT ó thaobh deimhin a dhéanamh de go dtugtar cluas le héisteacht do thomhaltóirí na hÉireann. Ar na torthaí a baineadh amach maidir leis sin i gcaitheamh na bliana seo a chuaigh thart tá:

- (a) Chuaigh GNT i dteagmháil leis an tionscnóir, MCD, lena chinntiú gur íocadh cúiteamh ar leibhéal éagsúla le 2,500 tomhaltóir a bhí thíos leis na deacrachtaí a bhain le ceolchoirm Barbara Streisland i mí Iúil 2007
- (b) De thoradh idirghabhála ó GNT, fuarthas tairiscintí ó dhá ghníomhaire taistil cúiteamh a thabhairt do thomhaltóirí a raibh deacrachtaí acu ar thurais go dtí cluiche ceannais Shraith na gCuradh san Aithin in 2007.

Fóram le haghaidh Páirtithe Leasmhara Forbairtí Ilaonad

Tá GNT i mbun feachtais le tamall le go mbeadh breis cumhachta ag tomhaltóirí i réimse na réadmhaoine forbartha ilaonad. I mí Dheireadh Fómhair 2006, d’fhoilsigh GNT tuarascáil ar an earnáil agus leabhrán atá éasca le léamh ag tomhaltóirí dar teideal ‘Comhlachtaí Bainistithe Réadmhaoine agus Tusa’ inar tugadh gearrchuntas ar na rudaí bunúsacha maidir leis an gcaoi a n-oibríonn cuideachtaí bainistithe agus na ceistanna ba chóir do thomhaltóirí a chur agus iad ag smaoineamh ar réadmhaoine a cheannach i bhforbairt ilaonad.

I mí Feabhra 2007 sheolamar próiseas comhairliúcháin, ag tabhairt cuiridh do thomhaltóirí aiseolas a thabhairt ar a n-eispéireas maidir le réadmhaoín i bhforbairtí ilaonad. Léirigh aiseolas na dtomhaltóirí go raibh na saincheisteanna a tháinig aníos sa taighde a rinneamar roimhe seo fós ina n-ábhar inní, agus cuireadh béim ar leith ar sholáthar eolais maidir le cearta agus freagrachtaí na gcuideachtaí bainistíochta. Dhearbhaigh ár bpróiseas comhairliúcháin an tábhacht a bhaineann le gearáin tomhaltóirí sa réimse seo a réiteach agus, mar fhreagra air sin, bhunaigh GNT fóram deonach i mí an Mhárta 2007, a raibh sé féin mar chathaoirleach air, a thug le chéile ionadaithe ó gach ceann de na príomhghrúpaí leasa a bhfuil baint acu le réadmhaoín forbartha ilaonad. Chríochnaigh an Fóram a chuid oibre i lár 2008 agus tá na torthaí ar fáil ar láithreán gréasáin GNT. Áirítear ar na príomhthorthaí a tháinig as an bhFóram:

- **Treoir Eolais le haghaidh Tomhaltóirí** chun comhairle a chur ar thomhaltóirí maidir leis na freagrachtaí agus na teidlíochtaí a bhaineann le bheith ag ceannach réadmhaoine i bhforbairt ilaonad, nó a bheith ina gcónaí inti. Cuireann an lámhleabhar Oiliúna seo lena bhfuil i bhfoilseachán níos luaithe na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí, *“Comhlachtaí Bainistithe Réadmhaoine agus Tusa”*.
- **Cód Cleachtais** do chomhaltaí Chumann Tógálaithe Tithe na hÉireann. Tiocfaidh an cód sin i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2008.
- **Doiciméadú treorach roghnaithe:** le cabhrú le tomhaltóirí a bhfuil réadmhaoín acu i bhforbairt ilaonad nó atá ina gcónaí i bhforbairt ilaonad, forbraíodh na cáipéisí seo a leanas:
 - Seicliosta a shonraíonn bealach agus cineál na seirbhísí coitianta ar mian le cuideachtaí bainistíochta conradh a dhéanamh le Gníomhairí Bainistíochta lena n-aghaidh
 - Cáipéisí pleanála airgeadais a chabhróidh le tomhaltóirí caiteachas ar bhainistiú agus ar chothabháil ó lá go lá a thuiscint chomh maith le cothabháil agus feabhsú a bhforbartha san fhadtárma.
- **Micrealáithreán tiomnaithe don treoir eolais agus d’ábhar eile a bhaineann le réadmhaoín.**

An Tionscal Tógála Tithe agus an Tomhaltóir in Éirinn

I bhfianaise a chostasáí agus a chasta agus atá sé réadmhaoín a cheannach nó a athchóiriú, choimisiúnaigh GNT Grant Thornton le staidéar a dhéanamh thar a cheann, chun measúnú a dhéanamh ar eispéireas tomhaltóirí agus iad ag ceannach earraí agus seirbhísí a bhaineann le tógáil.

Cuireadh tús leis an staidéar sin i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus tugann sé aghaidh ar na réimsí seo a leanas:

- Soláthar Eolais
- Saincheisteanna Tíolactha agus Dlí
- Forfheidhmiú agus Comhlíonadh Rialacháin Tógála
- Caighdeáin agus Cáilíochtaí Seirbhísí agus Conraitheoirí Gairmiúla
- Aimhleas Tomhaltóirí
- Árachas

Soláthraíonn an tuarascáil seo an chéad fhorléargas cuimsitheach ar an tionscal tógála tithe in Éirinn ó thaobh an tomhaltóra de. Déanann sí athbhreithniú ar chaighdeáin idirnáisiúnta sa réimse seo, déanann comparáid leo agus measúnú orthu agus sainathníonn dea-chleachtas i gcomhthéacs na hÉireann.

Tá na dréacht-tuarascálacha a d'ullmhaigh Grant Thornton measta ag an nGníomhaireacht agus tá na dréachtaí sin curtha faoi bhráid na bpríomh-pháirtithe leasmhara ionas go mbeidh siad in ann a gcuid tuairimí agus moltaí a chur in iúl. Meastar go bhfoilseofar an tuarascáil deiridh sa ráithe dheireanach de 2008.

Taighde Margaidh

In 2007 choimisiúnaigh GNT Amárach Consulting le taighde margaidh neamhspleách a dhéanamh d'fhonn dearcadh agus iompraíocht thomhaltóirí na hÉireann maidir le gearáin, sásamh, aistriú agus ríomhthráchtáil a scrúdú. Chomh maith leis sin, rinne an suirbhé measúnú ar eolas na dtomhaltóirí ar a gcearta agus ar ghníomhaíochtaí GNT. Bhí trí ghné sa taighde:

1. Suirbhé (Aibreán 2007) a rinne ionadaíocht thar ceann mhuintir na hÉireann ar fad, a rinneadh ar 1,000 duine fásta, 15-74 bliain d'aois ag 101 pointe samplála i bPoblacht na hÉireann.
2. Taighde cáilíochtúil i bhfoirm 8 ngrúpa fócais a reáchtáladh i mí Bealtaine 2007
3. Suirbhé eile (Mí na Nollag 2007) a rinne ionadaíocht thar ceann mhuintir na hÉireann ar fad freisin, a rinneadh ar 1,000 duine fásta, 15-74 bliain d'aois ag 101 pointe samplála i bPoblacht na hÉireann.

Eisíodh tuarascáil achomair inar leagadh amach torthaí an tsuirbhé a rinneadh le linn 2007; eisíodh an tuarascáil sin ar Lá Domhanda na dTomhaltóirí i mí an Mhárta 2008 agus is féidir í a léamh ag:

http://www.consumerconnect.ie/eng/Hot_Topics/Campaigns/2007_Consumer_Market_Research.doc

Fuair an taighde amach go bhfuil tomhaltóirí na hÉireann forghníomhach ó thaobh gearáin a dhéanamh; as measc na ndaoine a raibh cúis ghearáin acu i gcaitheamh na bliana roimhe sin, rinne 83% an gearán. Ba é an chúis ghearáin ba choitianta táirgí nó seirbhísí a bheith lochtach. Déanann sé leas idir an tomhaltóir agus an miondíoltóir go láimhseálfaí gearán go sásúil; bhí sé i gceist ag 69% de na tomhaltóirí a rinne gearán, agus a mheas gur láimhseáladh go sásúil é, gnó a dhéanamh leis an asraon sin arís.

Tá tomhaltóirí na hÉireann fós faichilleach ó thaobh soláthraithe táirge nó seirbhíse a athrú; níor athraigh ach 42% de lucht freagartha na gceisteanna ó sholathraí táirge nó seirbhíse go ceann eile. Sa chás gur athraigh tomhaltóirí, áfach, d'éirigh go maith leo. Maidir le ríomhthráchtáil, tá an chuma ar an scéal nach bhfuil tomhaltóirí na hÉireann ag baint leasa as na buntáistí ó thaobh na gcostas is féidir a shábháil ach rudaí costasacha a cheannach ar líne, mar shampla i réimsí na n-earraí leictreonacha agus an troscáin. Is eispéireas dearfach í siopadóireacht ar líne de ghnáth; dúirt 88% de lucht siopadóireachta ar líne nach raibh cúis ghearáin acu 'riamh' i dtaobh aon earra nó seirbhíse, ná nach raibh orthu aon earra a sheoladh ar ais, le bliain anuas.

Gné eile den taighde ná Innéacs Cumhachtaithe Tomhaltóirí a fhorbairt chun tomhas a dhéanamh ar a chumhachtaithe is a bhraitheann tomhaltóirí ó thaobh a mhuiníní, a eolasaí agus a chosanta is a bhraitheann siad i dtaobh a gceart mar tomhaltóir. Ag deireadh 2007, is féidir a rá go bhfuil 16% de thomhaltóirí na hÉireann cumhachtaithe go láidir, sa mhéid is go mbraitheann siad an-mhuiníneach, an-eolasach agus an-chosanta i dtaobh a gceart mar thomhaltóir. Is féidir ‘meánach’ a úsáid le cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil 50% cumhachtaithe, agus ‘lag’ le haghaidh 34%. Le imeacht na dtréimhsí taighde agus tuarascála, ba chóir go mbeadh an tInnéacs Cumhachtaithe Tomhaltóirí ina thagarmharc luachmhar ar thionchar agus ar éifeacht forbairtí ar bheartas i leith tomhaltóirí, ar straitéisí maidir le hoideachas tomhaltóirí, ar iompraíocht miondíoltóirí a athrú agus ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí tomhaltóirí in Éirinn.

Is í an tuarascáil taighde seo an chéad cheann de shraith tuarascálacha atá sé i gceist ag GNT a fhoilsiú chun monatóireacht a dhéanamh ar éabhlóid na timpeallachta tomhaltais in Éirinn agus na idirghabhálacha a theastóidh amach anseo le tacaíocht a thabhairt do thomhaltóirí a shainaithint.

Abhcóideacht

Is féidir le habhcóideacht le haghaidh tomhaltóirí ról tábhachtach a imirt ó thaobh beartas láidir agus reachtaíocht mhaith a fhorbairt. Shainaithin Tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí go bhfuil gá le béim níos láidre ar chlár oibre na dtomhaltóirí i mbeartas an Rialtais. Trína fheidhm Taighde agus Abhcóideachta, tá iarracht déanta ag GNT leas na dtomhaltóirí a chosaint agus a chur chun cinn trí abhcóideacht níos mó a dhéanamh thar a gceann. In 2007, chomh maith le freagairt do chomhairliúchán ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ón gCoimisiún Eorpach, ghlac GNT páirt i roinnt próisis chomhairliúcháin phoiblí, lena n-áirítear:

- Comhairliúchán an Ghrúpa Chomairligh ar Árachas Sláinte Príobháideach maidir leis an margadh árachas sláinte in Éirinn.
- Comhairliúchán an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh maidir le Méadrú Cliste, agus rialáil Conraitheoirí Leitreacha ó thaobh Sábháilteachta de
- Comhairliúchán an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí maidir le forbairtí ilaonad
- Straitéis Iompair Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, Fís 2030
- Comhairliúchán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar Mhaireachtáil Inbhuanaithe i gCathair
- Athbheithniú an Rialtóra Airgeadais ar Árachas Mhargadh na nIdirghabhálaithe
- Páipéar Glas na Roinne, Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ar Fhuinnimh Inbhuanaithe, agus
- Coimisiún Craolacháin na hÉireann ar Bheartas Ceadúnúcháin Teilifíse Trastíre Digití

Piléar 3 – Eolas agus Feasacht

Foilseacháin

D'fhoilsigh GNT sraith 8 leabhrán do thomhaltóirí in 2007 chun comhairle a thabhairt maidir le hábhair thábhachtacha a bhaineann le tomhaltóirí. Dháil GNT cruachóipeanna den leabhar ar fud na tíre, trínar líne chabhrach atá tiomanta do chustaiméirí, trí rannpháirteachas ag dhá mhórtuaispeántas náisiúnta agus trí íoslódálacha ónár láithreán gréasáin www.consumerconnect.ie. Tá liosta iomlán na leabhrán a scríobhadh in 2007 liostaithe thíos:

1. Treoir faoi Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí
2. Treoir faoi Cheannach Earraí agus Seirbhísí
3. Treoir faoin gCúirt Mhionéileamh
4. Treoir faoi Shaoire Láneagraithe
5. Treoir faoi Chúrsaí Fógraíochta
6. Treoir faoi Reachtaíocht Tomhaltóra agus faoi Phraghsanna
7. Treoir faoi Sábháilteacht Bhréagán
8. Treoir faoi Cheannach Cairr

Láithreán Gréasáin

- Mar chuid dár sainordú feasacht ar chearta tomhaltóirí a fheabhsú, tá acmhainní suntasacha caite ag GNT ar fhorbairt láithreán gréasáin tiomnaithe do thomhaltóirí, www.consumerconnect.ie. Tá an láithreán dírithe ar thomhaltóirí atá ag cuardach eolais ar raon leathan ábhar agus, ar an gcaoi sin, tacaíonn sé lenár lárionad glaonna. Cuimsíonn ábhar an láithreáin:
 - Treoracha atá éasca le tuiscint
 - Ceisteanna a chuirtear go minic
 - Ábhair atá i mbéal an phobail
 - Cabhair le béarlagair a thuiscint agus quizeanna tomhaltais taitneamhacha

Tugtar an láithreán cothrom le dáta uair sa tseachtain ar a laghad agus tá breis is 120,000 cuairt tugtha air ó mhí Bealtaine 2007 i leith.

I mí an Mheithimh 2007, sheol GNT láithreán gréasáin corparáideach www.nca.ie atá dírithe ar lucht gnó, lucht taighde agus na meáin. Cuimsíonn an t-ábhar an taighde is déanaí atá déanta ag GNT, treoracha do lucht gnó agus zón na meán. Tá breis is 18,000 cuairt tugtha ar an láithreán ó seoladh é.

Feachtais Fógraíochta

Ba chodanna ríthábhachtacha dár gcuid oibre i gcaitheamh na tréimhse atá clúdaithe ag an tuarascáil seo feasacht ar chearta tomhaltóirí agus feasacht ar GNT féin a ardú. Eagraíodh feachtais ar na hábhair seo a leanas:

- Bunú GNT mar chomhlacht reachtúil neamhspleách a fhógairt;
- Feachtas fairsing Nollag tráth a raibh tomhaltóirí ag ceannach go leor earraí agus cuireadh Líne Chabhrach do Tomhaltóirí GNT chun cinn. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí:
 - Feachtas Teilifíse agus Raidió
 - Fógra-fhocail (advertorials) i meáin roghnaithe

- Podchraoladh a fhorbairt
- Cárta Cearta Lucht Siopadóireachta a athsheoladh
- Coimeádán Admhálacha a tháirgeadh agus a dháileadh

Lárionad Glaonna

Is dlúch-chuid d'obair GNT eolas ar chearta agus ar dhualgais tomhaltóirí a sholáthar. Ón uair a bunaíodh muid i mí Bealtaine 2007, d'fhreagair ár lárionad glaonna 46,450 glao (níos mó ná 68,000 le haghaidh na bliana ar fad); bhain a bhformhór le saincheisteanna atá clúdaithe ag an Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980. Le cois na nglanna sin, fuarthas 3,914 ríomhphost trínár láithreán gréasáin do thomhaltóirí agus trínár láithreán gréasáin corparáideach.

Le himeacht aimsire, de réir mar a mhéadaítear ar thuiscint daoine ar a fhairsinge is atá ár sainchúram forfheidhmiúcháin faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí (go háirithe maidir le cleachtais tráchtála mhíchothroma), tá coinne againn go dtiocfaidh méadú agus leathnú suntasach ar raon na gceisteanna a chuirfear tríd an líne chabharach.

Leanfaimid orainn ag cur le scileanna fhoireann ár lárionaid ghlaonna ionas go bhfaighidh siad siúd a chuirfidh glao orainn an tseirbhís is fearr dar féidir a thabhairt.

Oideachas

Tá sé seo ar cheann de na feidhmeanna nua atá sannta do GNT.

I gcaitheamh 2007 chuaigh GNT i mbun comhfhiontair le The Irish Times Business 2000 chun eolas praiticiúil a sholáthar do mhic léinn ar ábhair a bhaineann le tomhaltóirí.

Bhí eolas cothrom le dáta ar an Acht um Chosaint Tomhaltóirí i gcás-staidéar GNT, rud nach bhfuil ar fáil go fóill ar an siollabas teagaisc agus soláthraíonn sé deisfeasacht ar ár dtreoir GNT nua-bhunaithe a chur chun cinn i measc mic léinn agus múinteoirí. Seoladh cruachóip den fhoilseachán seo chuig 1600 oideachasóir ar fud na tíre.

Rinneadh réamhphlé leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus táthar ag súil go tógáil air sin i gcaitheamh na bliana atá amach romhainn.

Chomh maith leis sin ar fad, thugamar cur i láthair d'eagraíochtaí a d'iarr orainn é sin a dhéanamh, mar shampla Ionaid Eolais do Shaoránaigh.

Rialachas Corparáideach

Bunaíodh GNT an 1 Bealtaine 2007 faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí agus oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta sin agus faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag GNT chun lena chinntiú go mbeifear ag comhlíonadh na gceanglas sonracha seo a leanas:

Comhaltaí an Bhoird – Nochtadh Leasa

Ghlac an Bord nósanna imeachta atá de réir an Chóid Chleachtais le haghaidh Rialú Comhlachtaí Stáit maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí an Bhoird, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana. Tá iarratas ar aitheantas mar chomhlacht poiblí déanta ag GNT chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Idir an dá linn, tá comhaltaí an Bhoird agus na comhaltaí foirne a bhfuil post ainmnithe acu ag comhlíonadh théarmaí na reachtaíochta sin ar bhonn deonach.

Dualgais eile faoin gCód Cleachtais le haghaidh Rialú Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta bunaithe ag GNT lena chinntiú go gcomhlíonann sé forálacha an Chóid Chleachtais le haghaidh Rialú Comhlachtaí Stáit.

Saoráil Faisnéise (SF)

Tá GNT clúdaithe ag forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Bhunaigh na hAchtanna sin trí cheart nua reachtúla

- Ceart dlíthiúil ag gach duine rochtain a bheith aige/aici ar eolas atá ag comhlachtaí poiblí
- Ceart dlíthiúil ag gach duine eolas oifigiúil atá ag comhlacht poiblí maidir leis/léi féin a leasú má tá sé mícheart, neamhiomlán nó míthreorach;
- Ceart dlíthiúil fáthanna a fháil i dtaca le cinneadh a dhéanann comhlacht poiblí a bhfuil tionchar aige ar an duine féin

Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag GNT a chuimsíonn gach gné de leas na foirne agus na gcuartheoirí.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhís dá fhoirgnimh, is mian le GNT na meáin is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus is fearr ó thaobh an chomhshaoil de a úsáid.

Coiste Iniúcháireachta

Cheap an Bord coiste iniúcháireachta in 2007. Is é ról an choiste láidreach agus éifeachtacht shocruithe agus stádas rialachas corparáideach, bhainistíocht airgeadais, bhainistíocht riosca agus fheidhmeanna iniúcháireachta inmheánaí GNT a athbhreithniú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus comhairle a thabhairt ina dtaobh.

Iniúchóireacht Inmheánach

Tá comhairleoirí seachtracha ceaptha ag GNT le feidhmiú mar iniúcháir inmheánach agus coimisiúnaíodh iad le plan iniúchóireachta a ullmhú, a fhorfheidhmeofar i gcaitheamh na tréimhse ó 2008 go dtí 2010.

Coiste Luach Saothair

Cheap an Bord coiste luach saothair chun feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh a scrúdú gach bliain agus critéir feidhmíochta a leagan síos de réir na bpleananna corparáideacha.

Buanorduithe

Tá buanorduithe glactha ag an mBord lena chinntiú go reáchtálfar cruinnithe Bhord GNT ar bhealach ordúil agus éifeachtach agus dréachtadh iad mar a ordaítear in Alt 12 (7) den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007.

Ráitis Airgeadais

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Bhord na Gníomhaireachta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Gníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léiritear ann gur chomhlíon an Gníomhaireacht an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtugann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis


I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2007 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don tréimhse dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúí coinnithe ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



John Buckley


Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
23 Meán Fómhair 2008

Ráiteas Freagrachtaí

Éilíonn Alt 23 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 ar an nGníomhaireacht gach gnáthleabhar ceart nó taifead cuntais eile le haghaidh an airgid uile a fuair sí agus a chaith sí a choinneáil i gcibé foirm a d'fhéadfadh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a fhaomhadh le toil an Aire Airgeadais agus, go sonrach, coinneoidh sí i gcibé foirm mar atá réamhráite gach cuntas speisialta (má bhíonn aon cheann i gceist) de réir mar a d'fhéadfadh an tAire a threorú ó am go chéile. Agus na ráitis airgeadais sin a bheith á n-ullmhú acu, tá sé de dhualgas ar an nGníomhaireacht:

- Polasaithe cuí cuntasáíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- A rá cé acu ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta ábhartha faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha atá luaite agus mínithe sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go dtuigtear nach mbeidh an Gníomhaireacht ag leanúint de bheith ag feidhmiú.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as leabhair chuntais cuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 23 den Acht. Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta reasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Cathaoirleach



Príomhfheidhmeannach

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Thar ceann bhaill na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí, aithním go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánach.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is ceart, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Nósanna imeachta rialúcháin tábhachtacha

Ós rud é nár bunaíodh an Gníomhaireacht go dtí an 1 Bealtaine 2007 ní bhfuair sí a cuid córais airgeadais féin go fóill. Dá bhrí sin, tá sí ag brath go hiomlán ar chuntais agus ar chórais phárolla na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a dhéanann gach íocaíocht freisin thar a ceann. Ina thaobh sin, cloíonn an Gníomhaireacht leis na nósanna imeachta rialúcháin atá i bhfeidhm laistigh den Roinn.

Tá céimeanna glactha ag an nGníomhaireacht chun timpeallacht rialúcháin cuí a chinntiú trí:

- Cinntiú go gcomhlíonann an Gníomhaireacht a cuid dualgais airgeadais faoin Acht;
- Cinntiú go sainaithnítear agus go gcosnaítear sócmhainní agus dliteanais na Gníomhaireachta i gceart;
- Sainmhíniú soiléir a dhéanamh ar dhualgais na bainistíochta laistigh de struchtúr eagraíochta chomh maith le deighilt soiléir idir dhualgais; agus
- Fo-choistí oiriúnacha de chuid na Gníomhaireachta a bhunú le fócas níos fearr a thabhairt ar réimsí áirithe.


Tá comhairleoirí seachtracha ceaptha ag an nGníomhaireacht le feidhmiú mar iniúchóir inmheánach agus coimisiúnaíodh iad le plean iniúchóireachta a ullmhú, a fhorfheidhmeofar i gcaitheamh na tréimhse ó 2008 go dtí 2010.

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Athbhreithniú Bliantúil ar Shrianta

Cheap an Bord coiste iniúcháireachta freisin in 2007. Beidh ról an choiste mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialúcháin agus ar na nósanna imeachta rialachais laistigh den Bhord, déanfaidh sé maoirseacht ar an gcóras iniúcháireachta inmheánaí agus cuirfidh comhairle ar an mBord maidir le hoibriú agus forbairt na feidhme sin. Déanfaidh an coiste athbhreithniú ar na dréacht-Chuntais Bhliantúla freisin agus tabharfaidh moladh, maidir le glacadh leo, don Bhord.

Dearbhaímid go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialúcháin airgeadais inmheánaigh le haghaidh na tréimhse dar críoch 1 Nollaig 2007.



Cathaoirleach



Príomhfheidhmeannach

An Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí

Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta

Is iad na beartais shuntasacha chuntasaíochta atá in úsáid ins na ráitis airgeadais seo ná a leanas:

1. **Bunú na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí**

Bunaíodh an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí an 1 Bealtaine 2007 de réir Alt 7(1) den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais uile Oifig an Stiúrtóra Gnóthaí Tomhaltóirí an lá sin go dtí an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí de réir Alt 39(1) den Acht.

Ós rud é gurb í seo an chéad bhliain oibriúcháin, ní thuairiscítear figiúirí comparáideacha.

2. **Bunús Cuntasaíochta**

Réitíodh na ráitis airgeadais faoin modh cuntasaíochta fabhráithe, ach amháin maidir leis an Ioncam ó Dheontais agus ó Tháillí Oireachtais, de réir cleachtas cuntasaíochta coitianta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus cloíonn siad le caighdeáin tuairiscithe airgeadais Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus tá siad san fhoirm atá faofa ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007. Tá na cuntais tugtha i bhfoirm euro.

3. **Ioncam**

Deontas Oireachtais

Aithnítear deontais Oireachtais sna ráitis airgeadais ar bhonn an mhéid a d'íoc an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i leith chaiteachas na Gníomhaireachta i gcaitheamh na bliana.

4. **Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas stairiúil lúide dímheas carntha.

Soláthraítear dímheas ar bhonn na líne díre ag rátaí atá measta le costas gach sócmhainne a laghdú go dtí luach inréadaithe faoi dheireadh a saoil úsáidigh mheasta, mar a leanas:-

Trealamh agus troscán	10%	Líne dhíreach
Trealamh oifige	10%	Líne dhíreach
Trealamh Ríomhaireachta	20%	Líne dhíreach

Tá sócmhainní a aistríodh ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta fós á ndímheas ar feadh an chuid eile dá saol úsáideach eacnamaíoch.

5. Airgeadra Eachtrach

Aistrítear aistriithe atá ainmnithe in airgeadra eachtrach go Euro de réir na rátaí malairte a bhí ar fáil ar an dáta inar tharla an t-idirbheart bunaidh. Déileáiltear le difríocht ar bith a thagann chun cinn idir dátaí aistriithe agus dátaí íocaíochta trí iad a chur i leith an chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

6. Cuntas Caipítíl

Aistrítear deontais stáit a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach go dtí an cuntas caipítíl sa bhliain inar tabhaíodh an caiteachas agus cuirtear do shochar ioncaim iad thar shaol úsáideach na sócmhainní bainteacha.

Seasann an cuntas caipítíl don méid ioncam neamh-amúchta a úsáidtear le sócmhainní inláimhsithe a mhaoiniú.

7. Pinsin Foirne

De réir Alt 36 den Acht um Chosaint Tomhaltóirík, 2007, tá dréachtscéim chun críche sochair aoisliúntais a thabhairt d'fhoireann na Gníomhaireachta ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Aire Airgeadais lena faomhadh. Tá faomhadh riaracháin le haghaidh na scéime aoisliúntais foirne faighte ón Roinn Airgeadais.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
le haghaidh na tréimhse 1 Bealtaine go 31 Nollaig 2007


	Nótaí	Tréimhse 1 Bealtaine 2007 go 31 Nollaig 2007 €
Ioncam		
Deontas Oireachtais	1 & 2	5,369,331
Aistriú ón gCuntas Caipitil	7	<u>11,066</u>
		<u>5,380,397</u>
 Caiteachas		
Costais Foirne agus Táillí Bhaill an Bhoird	3	2,636,575
Speansais Oibríochtúla	4	<u>3,057,771</u>
		<u>5,694,346</u>
Caiteachas sa bhreis ar Ioncam		<u>(313,949)</u>

Tá an Ráiteas i leith Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 14 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2007 le gníomhaíochtaí leanúnacha. Ní raibh gnóthachain ná cailteanais ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí sa tréimhse airgeadais seachas iad siúd atá sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Stephen A. Costello

Cathaoirleach



Príomhfheidhmeannach

**Clár Comhardaithe
amhail an 31 Nollaig 2007**

	Nótaí	31 Nollaig 2007 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA		
Sócmhainní Inláimhsithe	5	131,720
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Réamhíocaíochtaí		-
CREIDIÚNAITHE		
(méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin) 6		(313,949)
GLANDLITEANAIS REATHA		(313,949)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA		(182,229)
AIRGEADAITHE AG:		
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	8	(313,949)
Cuntas Caipitil	7	131,720
		(182,229)

Tá an Ráiteas i leith Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 14 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Stephen A. Costello

Cathaoirleach

[Signature]

Príomhfheidhmeannach

**Ráiteas Sreabhadh Airgid
don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2007**

	Nótaí	Tréimhse ó 1 Bealtaine go 31 Nollaig 2007 €
Barrachas oibriúcháin a réiteach le hinsreabhadh glan airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Easnamh oibriúcháin le haghaidh na tréimhse	8	(313,949)
Dímheas	5	44,153
Aistriú ón gCuntas Caipitil	7	(11,066)
Méadú ar creidiúnaithe	6	313,949
Insreabhadh glan airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		33,087
Fáltais ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas		
Ús tuillte		0
Caiteachas Caipitil glan		
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a aimsiú	7	(33,087)
Méadú ar airgead tirim		0

RÉITEACH SREABHADH GLAN AIRGID THIRIM GO DTÍ GLUAISEAIGHT I GCISTÍ GLAN.

Cistí glan ag 1 Bealtaine 2007	0
Cistí glan ag 31 Nollaig 2007	0
Méadú ar airgead tirim	0

Tá an Ráiteas i leith Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 14 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Stephen A. Costello

Cathaoirleach

[Signature]

Príomhfheidhmeannach

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. DEONTAS OIREACHTAIS

Cuireadh maoiniú Stáit ar fáil trí Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus €5,369,331 an méid a bhí ann don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2007.

2. TÁILLÍ IARRATAIS

Ní ioncam don Ghníomhaireacht iad na táillí a fuarthas ó cheadúnais idirghabhálaí creidmheasa agus ó cheadúnais gheallarbóra a eisiúnt ná na costais a dheonaigh na Cúirteanna mar go n-íoctar an t-airgead sin leis an Státchiste. B'fhiú €460,984 na fáltais sin in 2007, mar a leanas:

- Táillí Ceadúnais Idirghabhálaí Creidmheasa:	€447,310
- Táillí Ceadúnais Gheallarbóra:	€6,349
- Costais arna ndeonú ag na Cúirteanna:	€7,325

3. COSTAIS FOIRNE

**1 Bealtaine 2007 go
31 Nollaig 2007**
€

Pá agus Tuarastail	2,034,001
Aoisliúntas	485,368
Táillí Bhaill an Bhoird	<u>117,206</u>
	<u>2,636,575</u>

Sholáthair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta seirbhís phárolla don Ghníomhaireacht le haghaidh 2007.

4. SPEANSAIS OIBRÍOCHTÚLA

**1 Bealtaine 2007 go
31 Nollaig 2007**
€

Post agus Teileachumarsáid	81,443
Trealamh agus Seirbhísí Teicneolaíocht Faisnéise	153,972
Priontáil agus Stáiseanóireacht	130,694
Taisteal agus Liúntais Chothaithe	177,791
Áitreabh Oifige agus Cothabháil Ghinearálta	408,530
An Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí	130,519
Costais Teagmhasacha	29,489
Seirbhísí Comhairliúcháin	121,173
Margaíocht, Cur chun Cinn agus Gníomhaíochtaí Feasachta Tomhaltóirí *	1,233,446
Forbairt Acmhainní Daonna	120,811
Dímheas	44,153
Lárionad Glaonna	<u>425,750</u>
	<u>3,057,771</u>

* Agus í ag cur a cuid feidhmeanna faoin Acht i gcrích le leas na dtomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint, tá de cheanglas ar an nGníomhaireacht, i measc rudaí eile, feachtais feasachta poiblí agus eolais a réachtáil agus taighde a dhéanamh agus a choimisiúnú chun críche oideachas agus comhairle a chur ar thomhaltóirí maidir le cosaint tomhaltóirí. Chaith an Gníomhaireacht € 832,395 in 2007 ar thaighde agus ar gníomhaíochtaí feasachta tomhaltóirí, lena n-áirítear € 587,698 ar fhógraíocht agus €401,051 ar thaighde.

5. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

	Trealamh Oifige €	Troscán agus Daingneáin €	Trealamh Oifige €	Iomlán €
Costas				
Costas Bunaidh	260,676	301,617	57,345	619,638
Breiseanna 2007	6,841	17,256	8,990	33,087
Díúscairtí	_____ -	(514)	_____ -	(514)
Ag 31 Nollaig 2007	<u>267,517</u>	<u>318,359</u>	<u>66,335</u>	<u>652,211</u>
Dímheas				
Dímheas Carntha	220,402	215,423	41,027	476,852
Muirear le haghaidh na tréimhse	22,577	14,950	6,626	44,153
Dímheas ar dhíúscairtí	_____ -	(514)	_____ -	(514)
Ag 31 Nollaig 2007	<u>242,979</u>	<u>229,859</u>	<u>47,653</u>	<u>520,491</u>
Glanluach de réir Leabhair				
Ag 31 Nollaig 2007	<u>24,538</u>	<u>88,500</u>	<u>18,682</u>	<u>131,720</u>

6. CREIDIÚNAITHE

Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

2007

€

Fabhruithe Costais Foirne
Fabhruithe Eile
Creidiúnaithe

73,362
156,873
83,714

313,949

7. CUNTAS CAIPITIL	2007
	€
Iarmhéid Tosaigh 1 Bealtaine 2007	-
Sócmhainní aistrithe ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	142,786
Ioncam úsáidte chun Sócmhainní Seasta a fháil	33,087
Amúchadh ag dul le dímheas sócmhainní	<u>44,153</u>
Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	<u>(11,066)</u>
Iarmhéid Deiridh 31 Nollaig 2007	<u>131,720</u>

8. CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	2007
	€
Iarmhéid Tosaigh 1 Bealtaine 2007	-
Caiteachas sa bhreis ar Ioncam sa Tréimhse	<u>(313,949)</u>
Iarmhéid Deiridh 31 Nollaig 2007	<u>(313,949)</u>

9. AOISLIÚNTAS

D'fhostaigh an Gníomhaireacht 59 comhalta foirne; ba státseirbhísigh 55 acu sin ar iasacht ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, bhí triúr ar iasacht ó Forfás agus is comhalta foirne de chuid na Gníomhaireachta duine amháin. De réir Alt 36(2) den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007, tá scéim ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Aire ag an nGníomhaireacht lena fhaomhadh chun sochair aoisliúntais a thabhairt don chomhalta foirne sin agus i leith comhaltaí foirne de chuid na Gníomhaireachta de réir mar a mheasfaidh sí a bheith cuí. Tá faomhadh riaracháin le haghaidh na scéime aoisliúntais foirne faighte ón Roinn Airgeadais.

Tá Státseirbhísigh ar iasacht ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta clúdaithe ag socruithe pinsin na Státseirbhíse. Tá Forfás freagrach as an scéim aoisliúntais don triúr comhaltaí foirne atá ar iasacht ón eagraíocht sin. Tá ranníocaíochtaí iníochta leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le Forfás ag ráta 25% nó 30% (ag brath ar an dáta a ndeachaigh an duine isteach sa tSeirbhís phoiblí), agus cuirtear de mhuirear iad ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Tá na dliteanais aoisliúntais a bhaineann leis an aon chomhalta foirne amháin atá ag an nGníomhaireacht taifeadta sna ráitis airgeadais. Tá soláthar déanta ag ráta 30%, sin €8,622. Ní dhearnadh aon athbhreithniú achtúireach sa tréimhse reatha.

Tá teidlíochtaí aoisliúntais ag aon chomhalta foirne amháin na Gníomhaireachta ó sheirbhís le comhlacht earnála poiblí eile sular thosaigh sé ag obair leis an nGníomhaireacht. Níl sé socraithe go fóill cén comhlacht a bheidh freagrach as fabhrúithe ón tseirbhís seo mar nach bhfuil an Gníomhaireacht san áireamh fós sa Líonra Aistrithe Seirbhíse Poiblí. Tá iarratas déanta ag an nGníomhaireacht chuig an Roinn Airgeadais ar a bheith curtha san áireamh sa líonra sin.

10. ÍOCAIÓCHTAÍ DEIREANACHA I LEITH IDIRBHEARTA TRÁCHTÁLA

Tuigeann an Ghníomhaireacht na dualgais atá air de bharr na Rialachán um Íocaíochtaí Deireanacha i leith Idirbhearta Tráchtála 2002 agus tá nósanna imeachta próisis chuí á gcur i bhfeidhm le cinntiú go ndéanfar íocaíochtaí de réir Rialachán. Níor íoc an Ghníomhaireacht aon ús de bharr íocaíocht dheireanach le linn na tréimhse 1 Bealtaine go 31 Nollaig 2007.

11. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Níl aon dliteanas teagmhasach ann.

12. TRÉIMHSE AN CHUNTAIS

Baineann na Ráitis Airgeadais leis an tréimhse 8 mí ó 1 Bealtaine 2007 go 31 Nollaig 2007.

13. Leas Chomhaltaí an Bhoird

Ghlac an Bord nósanna imeachta atá de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí an Bhoird, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana. Ní raibh aon idirbheart sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí an Bhoird. Tá iarratas ar aitheantas mar chomhlacht poiblí déanta ag an mBord chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Idir an dá linn, tá comhaltaí an Bhoird ag comhlíonadh théarmaí na reachtaíochta sin ar bhonn deonach.

14. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 5 Meán Fómhair, 2008.

Aguisín I

Gearáin agus Ceisteanna a fuair an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí

I gcaitheamh 2007 phléigh GNT le níos mó ná 76,000 ceist agus gearán ó thomhaltóirí ar raon leathan ábhar. Phléigh ár line eolais tomhaltóirí thiomnaithe leis an gcuid ba mhó acu sin, 68,762, agus fuarthas an chuid eile tríd an bpost, ar an ríomhphost, trínár láithreán gréasáin nó ó ghlaiteoirí pearsanta chuig GNT.

Is ag cuardach comhairle agus eolais a bhí formhór na ndaoine a chuaigh i dteagmháil linn. Cuireadh ar aghaidh chuig Rannóg na gCleachtas Tráchtála na gearáin sin a bhain le cás ina bhféadfadh sárú reachtaíochta na dtomhaltóirí a bheith i gceist agus a raibh gníomhú leantach nó imscrúdú ag teastáil lena n-aghaidh. Ní raibh sé sin i gceist ach i gcás níos lú ná 3% den mhéid iomlán a fuarthas.

I gcaitheamh na gcéad cheithre mhí de 2008, tá ardú tagtha ar líon na gceisteanna a fuarthas agus bhí 26,7000 faighte faoi dheireadh mhí Aibreáin. Bhain níos mó ná leath na gceisteanna le díol earraí nó soláthar seirbhísí – go raibh na táirgí nó na seirbhísí lochtach, nach raibh siad oiriúnach le haghaidh an chuspóra ar díoladh iad lena aghaidh, nach raibh siad mar a cuireadh síos orthu, nó gur tháinig athrú intinne ar an tomhaltóir tar éis dó/di é a cheannach.

Taispeántar ar an gcéad leathanach eile na sé phríomhchatagóir táirgí le haghaidh na gceisteanna ar fad, lena miondealú.

Catagóir Táirge	Earra	Líon na gceisteanna	% Iomlán
Fearais Tí	Clostrealamh	163	
	Ceamaraí	187	
	Ríomhairí	972	
	Cócaireáin	276	
	Consóil Chluichí	269	
	Earraí Eile	1134	
	Teilifíseanna	682	
	Earraí Bána	839	
	Iomlán	4522	
Mótarfheithiclí	Carranna Nua	702	
	Carranna Athdhiolta	2116	
	Gluaisrothair	75	
	Deisiúcháin	425	
	Saincheisteanna Eile	91	
	Iomlán	3409	
Éadaí/ Coisbheart/ Oiriúintí	Éadaí	1999	
	Coisbheart	403	
	Seodra	495	
	Tirimghlanadh	153	
	Oiriúintí	105	
	Iomlán	3155	
Teileachumarsáid	Saincheisteanna maidir le billí	259	
	Leathanbhanda	374	
	Teileafóin Phóca	1060	
	Saincheisteanna Eile	268	
	Seirbhís	242	
	Iomlán	2203	
Fearastú Tí	Fearastú Seomraí Codlata	232	
	Toilg	679	
	Fearastú Bog	330	
	Boird/ Cathaoireacha	226	
	Earraí Eile	274	
	Iomlán	1741	
Laethanta Saoire/ Taisteal	Aerthaisteal	909	
	Ostáin/ Leaba is Bricfeasta	116	
	Saoirí Láneagraithe	509	
	Saincheisteanna Eile	60	
	Iomlán	1594	

Aguisín II

Fógraí maidir le hÍocaíochtaí Seasta Íoctha in 2007

Alice Seagrave, Siopa Nuachtán Keogh, Crois Chill Fhionntain, Cill Fhionntain, Baile Átha Cliath 13

An 20 Nollaig 2007, íocaíodh fineáil €300 de thoradh Fógra maidir le hÍocaíochtaí Seasta a d'eisigh GNT i leith mainneachtana praghas earra grósaireachta a thaispeáint.

Ollmhargadh Joyce, Church Road, Áth Cinn, Co na Gaillimhe

An 24 Nollaig 2007, íocaíodh fineáil €300 de thoradh Fógra maidir le hÍocaíochtaí Seasta a d'eisigh GNT i leith mainneachtana praghas earra grósaireachta a thaispeáint.

Gerry Mc Inerney, Stáisiún Seirbhíse Gala Ferry, Lothra, An tAonach, Co. Thiobraid Árann

An 31 Nollaig 2007, íocaíodh fineáil €300 de thoradh Fógra maidir le hÍocaíochtaí Seasta a d'eisigh GNT i leith mainneachtana praghas earra grósaireachta a thaispeáint.

Gealltanais a fuarthas in 2007

An tUasal David Lam, 36 Plás Williamson, Dún Dealgan, Co. Lú – Gealltanaisínithe an 27 Meitheamh 2007

Mr. Tá gealltanais tugtha ag Lam gan a chur in iúl go bhfuil an t-uisce a chóireáiltear i nGineadóir Uisce Leictrealaithe Ianaithe Leveluk SD nó 'Kangan Water' in ann tinneas, mífheidhmiú nó anchuma a leigheas nuair nach amhlaidh atá, agus gan é sin a fhógairt ná a chur chun cinn; bhí an t-éileamh bréagach sin ag sárú Alt 55(1)(g) den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007.

Aguisín III

IONCHÚISIMH IN 2007

An tOrdú um Phraghsanna Miondíola a Thaispeáint (Deochanna in Áitribh Cheadúnaithe), 1999

- Moriarty Investments Ltd, i leith cionta ag an Óstán Courtyard, Léim an Bhradáin, Co Chill Dara.
Fíneáil €2800. Costais €500 móide CBL.
- Westar Hotels Ltd, i leith cionta ag Óstán agus Lárionad Comhdhálacha an Westgrove, Claonadh, Co Chill Dara.
Fíneáil €700. Costais €750 móide CBL. Speansais €200
- Eric Mc Donnell, i leith cionta ag McDonnells, Main St, An Droichead Nua, Co Chill Dara.
Fíneáil €700. Costais €500 móide CBL. Speansais €50

Rialacháin AE (Riachtanas a Bhaineann le Praghsanna Táirgí a Thaispeáint), 2002

- Thomas Farrell & Sons, i leith cionta ag Stáisiún Seirbhíse Bhaile an Phiocardagh, Bóthar Phort Láirge, Trá Mhór, Co Phort Láirge agus Stáisiún Seirbhíse Thrá Mhór, Bóthar Phort Láirge, Co Phort Láirge.
Fíneáil €3900.
- Gerard Claffey, i leith cionta ag Stáisiún Líonta Moorepark, Ros Cré, Biorra, Co Uíbh Fhailí
Fíneáil €1000. Costais €500 móide CBL.
- Vincent & Joseph Byrne, i leith cionta ag Costcutter, Siopalann Centrepoint, Port Laoise, Co Laoise.
Fíneáil €750. Speansais €250.
- Rynaghs Filling Station Ltd, i leith cionta ag Stáisiún Líonta Peitрил Rynagh, Cluain Tóiteáin, Beannchar, Co Uíbh Fhailí.
Fíneáil €1000. Costais €500 móide CBL. Speansais €250
- Biddiford Foods Ltd, i leith cionta ag Byrnes Londis, O'Carroll St, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.
Fíneáil €650. Costais €500 móide CBL. Speansais €250
- Cecilia Stores Ltd, i leith cionta i siopa ag Number 1 Shop, Sráid Chaoimhin Íochtarach, Baile Átha Cliath 8.
Fíneáil €3450. Costais €500 móide CBL.

An tOrdú um Tháillí a Thaispeáint (Gruagaireacht), 1976

- Trish Mullins, i leith cionta ag Gruaig le Trish, Main St, Trá Mhór, Co Phort Láirge.
Fíneáil €300. Costais €500 móide CBL.

An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978 (Alt 7)

- John McGrath, i leith cionta ag Spar, 134 Bóthar Bhaile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 6.
Fíneáil €400. Costais €500 móide CBL.

Merchandising Marks Act 1887 (arna leasú ag Alt 4 den Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978)

- John Joseph Reilly, i leith cionta ag JJ Reilly Cars, Garáiste Reilly, Mainistir Shruithla, Co an Longfoirt.
Fíneáil €500. Costais €1210 móide CBL. Speansais €710

Rialacháin AE (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair), 2002 agus 2003

- Lidl Ireland GMBH, i leith cionta ag Lidl, Bóthar Ráth Naoi, Co Chill Mhantáin.
Fíneáil €200. Costais €1250 móide CBL.

CÁSANNA INAR CUIREADH AN tACHT PROMHAIDH I BHFEIDHM

An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978, Alt 7

- Colomeria Supermarkets Ltd, ag trádáil mar Eurospar, Siopalann Bayside, Baile Átha Cliath 13.
Costais €500 móide CBL.

An tOrdú um Phragsanna Miondíola a Thaispeáint (Bia i gComhlachtaí Lónadóireachta) 1984

- Princegrange Ltd, ag trádáil mar La Boulangerie, 10 Sráid Camden Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Íocaíocht €500 le Clár Drugaí Ché na gCeannaithe móide costais €500 móide VAT.

Rialacháin AE (Riachtanas a Bhaineann le Pragsanna Táirgí a Thaispeáint) 2002

- Thor Retail Ltd, ag trádáil mar Knights Londis, Main St, Buiríos Mór Osraí, Co Laoise. Tabhartas €1000 le Fondúireacht Jack & Jill móide costais €500 móide CBL.

Aguisín IV

Aisghairmeacha curtha faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ag Éirinn in 2007

	Cuideachta i mbun na haisghairme	Táirge
1	Corparáid 3 Com, SAM.	Cuibheoir Cumhachta SA (=AC) le haghaidh Fóin gan Sreang 3108
2	Argos Ltd, An Ríocht Aontaithe	Trampailín 13", branda Argos
3	Argos Ltd, An Ríocht Aontaithe	Muileann Coise Reebok Fusion
4	Argos Ltd, An Ríocht Aontaithe	Sábha mítéir Branda Challenge
5	Boots Retail (Ireland) Ltd.	Bréagán gliogarnaí séabra mionmhodha
6	Chevrolet Ireland	Lasc Lampa Coscáin
7	An Roinn Sláinte & Leanaí	Bailiúchán vearnais ingne, raon 2000
8	An Roinn Sláinte & Leanaí	Bailiúchán vearnais ingne, raon Julie France
9	An Roinn Sláinte & Leanaí	Dathanna Vearnais Ingne agus Scéimh le Julie France
10	An Roinn Sláinte & Leanaí	Foireann Cosmaidí Branda Girlz
11	An Roinn Sláinte & Leanaí	Taos fiacla Sensodyne Táirge góchumtha
12	Dunnes Stores Ireland	Coinneálaí solas oíche
13	Enniskerry Trading Co.	Teach arán sinséir stáin le coinne
14	Forcefield (Tekelet Europe Ltd.)	Éarthóir Lotnaidí 4 in 1
15	Heatons Retail Ltd.	Cathaoir fillte Portland, branda Stanford
16	Homebase Ltd, An Ríocht Aontaithe	Mitéar, branda Powerbase
17	Homebase Ltd, An Ríocht Aontaithe	Turbai-Théitheoir Comhiompair 2kw, Homebase
18	Homebase Ltd, An Ríocht Aontaithe	Téitheoir Comhiompair 2kw Homebase le hUaineadóir
19	KTM Motorcycle UK Ltd.	Gluaisrother KTM Super Duke R - brac maolaí stiúrtha
20	KTM Motorcycle UK Ltd	Gluaisrothair KTM SX EXC - Caipín líonta breosla

21	Motor Distributors Ltd.	Giarbhosca Audi A3 2.0 TDI.
22	Motor Distributors Ltd.	Scíth droma Volkswagen Transporter
23	Motor Distributors Ltd.	Roth lústair Volkswagen Golf.
24	Motor Distributors Ltd.	Rothaí lústair Volkswagen Passat.
25	Motor Distributors Ltd.	Fabia II agus Roomster – Aermhála taoibh
26	Musgraves (asraonta SuperValu)	Áis bhuacachta; ar an margadh mar sheaicéad tarrthála.
27	Next Retail Ltd, An Ríocht Aontaithe	Madra Bréagánach
28	Paramount Pictures International UK Ltd.	Stiallacha chloiginn "Shrek" Cluasa "Shrek", an Tríú Shrek Branda Dreamworks
29	Smyths Toys Trading Ltd.	Puzail Adhmaid
30	Smyths Toys Trading Ltd.	Áiseanna gearrtha fiacra, branda Dreambaby
31	Tesco Ireland Ltd.	Crúsca Leictreach gan Sreang Mearfhiuchta Tesco
32	Universal Honda Ltd.	Carr Salúin 4 dhoras Honda, Civic Hybrid Nascóir leictreach

Aguisín V

Imscrúduithe 2007	Gearáin	Cásanna Réamhghníomhacha	Méideanna Iomlána
Praghsáil táirge / Taispeáint praghsais	611	799	1410
Acht um Chosaint Tomhaltóirí lena n-áirítear fógraíocht mhíthreorach agus cleachtais mhíchothroima eile	453	120	573
An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí	246	6	252
Clogáil Carranna	120	20	140
Sábháilteacht Táirgí lena n-áirítear Bréagáin	160	18	178
Taispeáint Praghsanna – deochanna, lónadóireacht, peitreal / díosal, gruagaireacht	131	129	260
Taisteal Láneagraithe / Ordú Táillí Aeir / Amroinnt	84		84
Lipéadú Bia	61	7	68
Ciandhíol	60	2	62
Nochtadh Leasanna Gnó	33		33
Ríomhthráchtáil	16	7	23
Téarmaí Éagóracha	22		22
Creidmheas Tomhaltóirí	18	2	20
Deoch Tanaithe	13	2	15
Ordú a Chuireann CBL san Áireamh	15		15
Ticéid Cheolchoirme agus Amharclainne	13		13
Díol ag an Doras	11		11
Méideanna Iomlána	2067	1112	3179
Saincheisteanna lasmuigh de shainchúram OSGT/ GNT agus curtha ar aghaidh go dtí an dream cuí	94		94

Aguisín VI

REACHTAÍOCHT TOMHALTÓIRÍ A BHAINNEAN LE GNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA TOMHALTÓIRÍ / A CHUIREANN SÍ I BHFEIDHM

FÓGRAÍOCHT:

- Treoir maidir le Fógraíocht Chomparáideach, 1997 (arna haisghairm ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumarsáid Mhargaíochta atá Míthreorach agus Comparáideach) 2007 (I.R. Uimh. 774 de 2007)).
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fógraíocht Mhíthreorach), 1988 (arna haisghairm ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumarsáid Mhargaíochta atá Míthreorach agus Comparáideach) 2007 (I.R. Uimh. 774 de 2007)).

CLEACHTAIS TRÁCHTÁLA MHÍTHREORACHA AGUS MHÍCHOTHROMA

- An tAcht um Chosaint Thomhaltóirí, 2007

CREIDMHEAS TOMHALTAIS

- An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 arna leasú ag Acht an Bhainc Cheannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003;
- Acht na nGeallearbóirí, 1964 arna leasú ag an Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995;

EOLAS TOMHALTÓIRÍ:

- An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógraí do Thaibhithe Ceolchoirme nó Amharclainne), 1997;
- An tOrdú um Eolas do Thomhaltóirí (Fógraí) (Nochtadh Leasanna Gnó), 1984;
- An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Díosal agus Peitreal) (Laghú ar Phraghas Miondíola), 1997

- An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógraí do Tháillí Eitilte) 2000;

CLEACHTAIS SRIANTA:

- An tAcht um Chleachtais Srianta (Leasú), 1987 (arna aisghairm leis An Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007);

COSAINT TOMHALTÓIRÍ:

- An tAcht um Shaoirí Láneagraithe agus an Trádáil Taistil, 1995;
- An tAcht um Thrádáil Ócáideach, 1979;
- Rialacháin AE (Cealú ar Chonarthaí a Idirbheartaíodh Laismuigh den Áitreabh Gnó) 1989;
- Rialacháin AE (Conarthaí do Chomhroinnt Ama i gCás Réadmhaoin Dhochorraithe) (Cosaint Ceannaitheoirí), 1997 agus 2000;
- Rialacháin AE (Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Tomhaltóirí), 2001;
- Rialacháin AE (Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Tomhaltóirí), 1995 agus 2000;
- Rialacháin AE (Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Tomhaltóirí) (Leasú), 1995 agus 2000;
- Rialacháin AE (Cosaint Tomhaltóirí i Leith Conarthaí a leagadh amach bunaithe ar Chianchumarsáid), 2001;
- Rialacháin AE (Treoir 2000. 31. CE) 2003; [Rialacháin Ríomhthráchtála]
- Rialacháin AE (Leasú ar I.R. Uimh. 68 de 2003), 2004;

LIPÉADÚ BIA agus SÁBHÁILTEACHT BIA:

- An tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 1998;

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair), 2002 (I.R. Uimh. 483 de 2003);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú), 2003 (I.R. Uimh. 257 de 2003);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú) (Uimh.2), 2003 (I.R. Uimh. 451 de 2003);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú) (Uimh.3), 2003 (I.R. Uimh. 528 de 2003);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú), 2005 (I.R. Uimh. 228 de 2005);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú) (Uimh.2), 2005 (I.R. Uimh. 514 de 2005);
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú) (Uimh. 3), 2005 (I.R. Uimh. 647 de 2005);

LIPÉADÚ DO THÁIRGÍ NEAMHBHIA:

- Rialachán AE (Lipéadú), 1996;
- Rialacháin AE (Ainmneacha agus Lipéadú do Tháirgí Teicstíle), 1998;

TAISPEÁNTAS PRAGHSANNA/PRAGHAIS:

- An tAcht um Phraghsanna, 1958; An tAcht Praghsanna (Leasú), 1972 (arna aisghairm leis An Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007);
- An tOrdú um Phraghsanna agus Táillí (Ráitis a Chuireann Cáin san Áireamh), 1973;
- An tOrdú um Tháillí a Thaispeáint (Gruagaireacht), 1976;

- An tOrdú um Phraghsanna Miondíola a Thaispeáint (Bia i gComhlachtaí Lónadóireachta), 1984;
- An tOrdú um Phraghsanna Miondíola a Thaispeáint (Deochanna in Áitribh Cheadúnaithe), 1999;
- An tOrdú um Phraghsanna Miondíola a Thaispeáint (Díosal agus Peitreal), 1997;
- Rialacháin AE (Riachtanais a Bhaineann le Praghsanna Táirgí a Thaispeáint), 2002;

SÁBHÁILTEACHT TÁIRGÍ:

- An tAcht um Dhliteanas i Leith Táirgí Fabhtacha, 1991;
- SÁBHÁILTEACHT TÁIRGÍ: Rialacháin AE (Sábháilteacht), 1990 agus 1994;
- Rialacháin AE (Fearais ina nDéantar Breoslaí Gásacha a Dhóigh), 1992 agus 1995;
- Rialacháin AE (Trealamh Cosanta Pearsanta), 1993 agus 1994;
Rialacháin AE (Sábháilteacht Táirgí Ghinearálta), 2004;
- An tOrdú AE (Aithrisí Bia) (Sábháilteacht), 1991;
- Rialacháin AE (Trealamh Leictreachais Ísealvoltais), 1992 agus 1994;
- An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Cordaí Cochaill d'Éadaí Linbh), 1976;
- An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Sábháilteacht Dóiteáin) (Troscán Tís), 1995;
- An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Alt 44) (Gobáin Naíonáin), 1988;
- An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Alt 44) (Naíchoistí Linbh), 1983;

- An tOrdú um Thaighde agus Caighdeán Tionscail (Alt 44) (Téitheoirí Gáis Catalaíocha), 1984;
- An tOrdú um Thaighde agus Caighdeán Tionscail (Alt 44) (Oighinn Gháis), 1983;
- An tOrdú um Thaighde agus Caighdeán Tionscail (Alt 44) (Naíchoistí agus Bugaí Linbh), 1981;
- An tOrdú um Thaighde agus Caighdeán Tionscail (Tocsaineacht Pionsailí agus Ionstraimí Grafacha), 1983;
- Rialacháin an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (Alt 28) (13A Plocóidí agus Cuibheoirí Athrúcháin le hAghaidh Tís), 1997;
- Rialacháin an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (Alt 28) (Plocóidí Leictreachais, Gairis Inchurtha le Plocóidí agus Soicéid le hAghaidh Tís), 1997;
- Acht an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996;

DÍOL EARRAÍ:

- An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980;
- Rialacháin AE (Díol Earraí Tomhaltais agus Ráthaíochtaí Breise), 2003;

MARCANNA EARRAÍ CEANNAÍOCHTA:

- An tAcht Marcanna Earraí Ceannaíochta, 1887, 1891, 1911, 1931 (arna aisghairm leis an Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007);
- An tAcht Marcanna Earraí Ceannaíochta, 1970;
- An tOrdú Marcanna Earraí Ceannaíochta (Earraí Réamhphacáilte) (Marcanna agus Cainníochtaí), 1973 arna leasú le hOrduithe ina dhiaidh sin;

REACHTAÍOCHT TOMHALTÓIRÍ ILGHNÉITHEACH:

- An tAcht um Dhliteanas i Leith Táirgí Fabhtacha, 1991;
- Rialacháin AE (Dliteanas i Leith Táirgí Fabhtacha), 2000;
- An tAcht um Thrádáil Ócáideach, 1979;
- An tAcht Stampaí Trádála, 1980.

An Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí,
4 Bóthar Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
Tel: +3531 4025 500
Fax:+3531 4025 501
www.nca.ie

Cabhairlíne do Thomhaltóirí : 1890 432 432

www.consumerconnect.ie/irl